

# RÁITEAS STRAITÉISE

2010–2014



Taxi Regulator  
An Rialálaí Tacsaithe



An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe  
Commission For Taxi Regulation

## ÁR BHFÍS

Is é ár bhfís go mbeidh SPSVanna ar an gcéadrogha iompair in Éirinn agus go n-aithneofar tionscal SPSV na hÉireann go hidirnáisiúnta mar sholáthróir ardghairmiúil iompair a chuireann seirbhísí comhtháite agus inrochtana ar fáil.

## ÁR MISEAN

Is é misean an Choimisiúin, agus sinn ag obair chun leasa ár bpáirtithe leasmhara:

- Creatlach rialála a chur ar fáil a chumasaíonn sealbhóirí ceadúnais SPSV comhlíontacha agus gairmiúla seirbhís den scoth atá éifeachtach, sábháilte, inrochtana agus áisiúil don chustaiméir a chur ar fáil;
- Rochtain gach úsáideora ar sheirbhísí SPSV a éascú, daoine faoi mhíchumas san áireamh;
- Caighdeáin fheabhsaithe cháilíochta a chur chun cinn; agus
- Comhcheangal seirbhísí SPSV sa chóras iompair phoiblí a chur chun cinn.



# CLÁR ÁBHAR

	Teachtaireacht ón gCoimisinéir	2
Caibidil 1	Ár bhfeidhm agus freagrachtaí	3
Caibidil 2	An earnáil SPSV in Éirinn	6
Caibidil 3	An earnáil SPSV a rialú	9
Caibidil 4	Ár bPáirtithe Leasmhara	12
Caibidil 5	Ár dtosaíochtaí agus cuspóirí	14
	CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1	16
	Leanúint ar aghaidh le forbairt agus le cothú na creatlaí rialála don tionscal SPSV in Éirinn	
	CUSPÓIR STRAITÉISEACH 2	19
	Rochtain an uile úsáideora ar sheirbhísí ardchaighdeáin SPSV a éascú, go háirithe daoine faoi mhíchumas	
	CUSPÓIR STRAITÉISEACH 3	22
	An dearbhú cáilíochta le haghaidh úsáideoirí SPSV agus soláthróirí seirbhíse a chur chun feabhais	
	CUSPÓIR STRAITÉISEACH 4	24
	Bheith mar chomhpháirtí le páirtithe leasmhara agus dul i dteagmháil leo d'fhonn cuspóirí reachtúla agus straitéiseacha a chur chun cinn	
	CUSPÓIR STRAITÉISEACH 5	26
	Comhcheangal seirbhísí SPSV sa chóras iompair phoiblí níos fairsinge a chur chun cinn	
Caibidil 6	Ár gcumas tabhairt faoi	28
Caibidil 7	Dul chun cinn a thomhas	31
Aguisín 1	Feidhmeanna reachtúla an Choimisiúin	33
Aguisín 2	An Chomhairle Chomhairleach don Choimisiún um Rialáil Tacsaithe	34
Aguisín 3	Gluais	35

# Teachtaireacht ón gCoimisinéir

Leagtar amach sa ráiteas straitéise seo príomhchuspóirí an Choimisiúin le haghaidh na gcúig bliana amach romhainn. Leagtar amach ár gcuid uailmhianta lena mbaineann an chreatlach rialála a fhorbairt do thionscal na bhfeithiclí beaga seirbhíse poiblí (SPSV) sa ráiteas straitéise deireanach (2005 go dtí 2009). Agus sinn ag tabhairt faoin straitéis sin, thugamar isteach réimse leasuithe a chur tús le hathrú sunstasach an tionscail in Éirinn.

Teastaíonn caighdeán níos airde i ndáil le feithiclí beaga seirbhíse poiblí agus a dtiománaithe. Tá freagracht agus trédhearcacht níos mó laistigh den tionscal agus tá fáil anois ar stóras cuimsitheach faisnéise faoin tionscal SPSV in Éirinn do chustaiméirí, oibreoírí, taighdeoirí agus do chomhpháirtithe beartais. Mar thoradh ar na caighdeán agus ar na tacaíochtaí seo, tá idir dheis agus dúshlán ag an tionscal, a bhfuil athrú ag teacht air ina leith agus ar a bhfuil sé ag freagairt. Aithníonn an Coimisiún é seo, agus leanfaimid orthu ag tacú leis an tionscal agus an coigeartú seo á dhéanamh trí chomhairliúchán leanúnach agus trí chur i bhfeidhm céimnithe leasuithe.

Thar na chéad chúig bliana eile amach romhainn, cuirfidh an Coimisiún leis na córais cheadúnaithe agus chomhlíonta faoina bhfuil bonn maith faoi láthair. Féachfaimid le barrfheabhas a chur ar caighdeán agus ar inrochtaineacht na seirbhíse do thomhaltóirí, agus le forbairt bhreise a dhéanamh ar an gcreatlach rialála ionas go n-éascaíonn sé cur ar fáil seirbhísí ardchaighdeán ag gach sealbhóir ceadúnais. Leanfaimid orainn agus forbairt á déanamh ar phróisis a théann i ngleic le neamhchomhlíonadh ar bhealach éifeachtach agus comhréireach.

Bainfidh sealbhóirí ceadúnais ghairmiúil a thairgeann seirbhísí ardchaighdeán, bunaithe ar chustaiméirí tairbhe as na cuspóirí agus as na spriocanna a shonraítear sa straitéis seo. Tá an chreatlach rialála bunaithe ar iontráil cháilíochtúil agus ar chaighdeán athnuachana – is é an aidhm seirbhísí ardchaighdeán a chinntiú do thomhaltóirí ag praghsanna iomaíocha agus cinntiú go n-éascaíonn an margadh iomaíochas idir oibreoírí a bhaineann na caighdeán sin amach. Tá an Coimisiún tiomnaithe go dúthrachtach do na prionsabail lárnacha seo agus leanfaimid orainn leis an gcóras rialála a fhorbairt a rachaidh chun sochair tomhaltóirí agus oibreoírí araon.


Mar eagraíocht, tá sé ina aidhm ag an gCoimisiún bheith fuinniúil, réamhghníomhach agus freagrúil; freastal nó rófhreastal ar riachtanais agus ar ionchais ár gcustaiméirí

agus ár bpáirtithe leasmhara; déileáil leis an uile pháirtí leasmhar ar bhealach cóir agus neamhchlaonta, agus cur le soláthar seirbhísí SPSV ar bhealach dearfach agus éifeachtach.

Ó bunaíodh an Coimisiún, chuamar i gcomhairle le réimse fairsing de pháirtithe leasmhara agus rinneamar a dtuairimí a mheas sular cuireadh ár gcuid leasuithe i bhfeidhm. Tá luach mór ag an gCoimisiún ar aighneachtaí agus ar ionchur ó pháirtithe leasmhara, macasamhail an méid a chuireann an Chomhairle Chomhairleach leis an gCoimisiún. Thar théarma na straitéise seo, leanfaimid orainn ag díriú go dian ar chomhpháirtíocht a dhéanamh le páirtithe leasmhara mar aon le dul i dteagmháil leo.

Cuspóir lárnach sa straitéis seo é a chinntiú go ndéantar comhcheangal níos fearr ar sheirbhísí SPSV sa phleanáil agus sa seachadadh níos fairsing a dhéantar maidir le hiompar poiblí. Tabharfaidh corprú an Choimisiúin san Údarás Iompair Náisiúnta atá ar tí a tharlaithe lámh chúnta beartais agus acmhainní níos fairsinge a dhíriú ar an riachtanas bunúsach seo.

Bhain foireann an Choimisiúin go leor amach le cúig bliana anuas agus tá taithí fhairsing acu mar aon le taithí an tionscal SPSV a rialú. Sna cúig bliana amach romhainn, cuirfidh leis an obair a rinneadh go dtí seo, comhdhlúthóimid agus feabhsóimid na caighdeán cháilíochtúla atá i bhfeidhm cheana, agus leanfaimid le luach seirbhísí SPSV a chur chun cinn do thomhaltóirí, do chomhpháirtithe beartais agus don Rialtas.



**Kathleen Doyle**  
An Coimisinéir um Rialáil Tacsaithe  
Aibreán 2010

CAIBIDIL A HAON

# Ár bhfeidhm agus freagrachtaí




## Ár bhFeidhm

Bhunaigh an tAire Iompair an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe an 1 Meán Fómhair 2004 faoi Chuid 2 den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2003. Tá an Coimisiún freagrach, faoi láthair, as nach mór gach gné de thionscal na bhfeithiclí beaga seirbhíse poiblí (SPSV) in Éirinn a rialáil, a mhonatóireacht agus a rialú.

Coimeádann an Coimisiún le baint amach ár gcuid cuspóirí trí sholáthar seirbhíse ardchaighdeán ag gach sealbhóir ceadúnais a chur chun cinn. Tugann an tAcht an chumhacht don Choimisiún rialú a dhéanamh ar cheadúnú, úinéireacht,

rialúchán agus ar oibriú SPSVanna, lena n-áirítear tacsaithe, fruilcharr agus limisíní, a dtiománaithe agus a n-oibreoirí seachadta in Éirinn. Ó 2010 i leith, leanfaidh an Garda Síochána orthu agus ceadúnú tiománaithe SPSV a riar, a mhonatóireacht agus a rialú; tá súil ag an gCoimisiún dul i mbun na feidhme seo i rith shaolré an phlean straitéisigh seo.

Níl cumhachtaí ag an gCoimisiún faoi Acht 2003 ná faoi rud ar bith eile srianta cainníochtúla a chur i bhfeidhm ar iontráil chuig an earnáil SPSV.



## Ár bhFreagrachtaí

Sonraítear roinnt príomhchuspóirí in Acht 2003 le haghaidh seirbhís SPSV a chur ar fáil do gach custaiméir, lena n-áirítear:

- Inrochtaineacht i measc iad siúd faoi mhíchumas agus iad siúd ag a bhfuil laige ghluaiseachta, chéadfach nó chognaíoch;
- Seirbhísí ardchaighdeáin a chur chun cinn;
- Córais cheadúnaithe dírithe ar an gcustaiméir;
- Cur chun cinn iomaíochais;
- Comhcheangal le modhanna eile iompair phoiblí; agus
- Infheistíocht a spreagadh le feabhas a chur ar sheirbhísí.

Cuirtear léargas ginearálta ar fheidhmeanna reachtúla an Choimisiúin ar fáil in Aguisín 1.

Agus sinn ag tabhairt faoinár sainordú, oibríonn an Coimisiún le réimse fairsing de chomhpháirtithe beartais agus de chomhpháirtithe comhlíonta agus as láimh leo. Léirítear sa léaráid thall na príomhchomhlachtaí ag a bhfuil feidhm i rialú SPSV.

Sa mhullach air sin, téann an Coimisiún i dteagmháil le roinnt comhlachtaí ar bhonn comhairleach. Léiríonn an Chomhairle Chomhairleach don Choimisiún um Rialáil Tacsaithe na leasanna fairsing ar a mbíonn tionchar ag ár ngníomhaíochtaí, idir bhaill den tionscal SPSV, úsáideoirí agus tomhaltóirí tionscail agus gnó agus an Garda Síochána. Liostaítear ballraíocht den Chomhairle Chomhairleach in Aguisín 2; sonraítear i gCaibidil 4 den cháipéis seo ár bpróisis chomhairliúcháin le geallsealbhóirí.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar réimsí freagrachta an Rialóra Tacsaithe amhail seo a leanas:

RÉIMSE FREAGRACHTA	PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA
Ceadúnú Feithiclí	Sealbhóirí ceadúnais SPSV, oibreoirí seachadta, comhlachtaí eile forfheidhmithe.
Ceadúnú oibreoirí seachadta	Oibreoirí seachadta SPSV, tiománaithe SPSV, úsáideoirí SPSV
Caighdeáin feithicle	Sealbhóirí ceadúnais SPSV, úsáideoirí SPSV, déantóirí agus tionairí feithiclí SPSV, comhlachtaí eile reachtúla
Forbairt scileanna	Tiománaithe, oibreoirí seachadta
Ceadúnú tiománaithe agus caighdeáin tiománaithe	An Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim, comhlachtaí eile forfheidhmithe
Sainnithint tiománaithe a bhfuil ceadúnas acu	Sealbhóirí ceadúnais SPSV, úsáideoirí SPSV, an Garda Síochána, comhlachtaí eile forfheidhmithe
Feasacht agus comhairle tomhaltóirí	Úsáideoirí SPSV
Soláthar seirbhíse do dhaoine faoi mhíchumas, agus a bhfuil riachtanais gluaiseachta nó chéadfacha acu	Úsáideoirí SPSV, sealbhóirí ceadúnais SPSV, grúpaí míchumais
Cumarsáid agus comhairle tionscail	Sealbhóirí ceadúnais SPSV
Socrú táillí do thacsaithe	Oibreoirí tacsaithe, úsáideoirí tacsaithe, oibreoirí seachadta, Méadreolaíocht Dlí
Cothú an chláir náisiúnta do cheadúnais SPSV	Sealbhóirí ceadúnais SPSV, úsáideoirí SPSV, an Garda Síochána, comhlachtaí eile forfheidhmithe
Comhlíonadh agus forfheidhmiú	Sealbhóirí ceadúnais SPSV, an Garda Síochána, comhlachtaí eile forfheidhmithe, úsáideoirí SPSV
Gearáin agus moltaí	Úsáideoirí SPSV, sealbhóirí ceadúnais SPSV, comhlachtaí eile forfheidhmithe
Ionchúiseamh sárúithe rialachán go náisiúnta	An tSeirbhís Chúirteanna, an Garda Síochána
Soláthar treorach maidir le stadanna tacsaithe	Údaráis áitiúla, sealbhóirí ceadúnais SPSV, grúpaí sainspéise áitiúla, comhlachtaí eile forfheidhmithe
Cuidiú le beartais níos leithne	Sealbhóirí ceadúnais SPSV, úsáideoirí SPSV, an tsochaí, an Rialtas, comhlachtaí eile reachtúla
Soláthar staitisticí agus sonraí	Sealbhóirí ceadúnais SPSV, úsáideoirí SPSV, scoláirí iompair, an Rialtas, comhlachtaí eile reachtúla

CAIBIDIL A DÓ

# An earnáil SPSV in Éirinn





## Catagóirí SPSV

Tá ról fíorthábhachtach ag an earnáil SPSV in Éirinn i dtírdhreach foriomlán an iompair phoiblí. Déanann an Coimisiún ceadúnú ar chúig chatagóir SPSV i láthair na huaire:

CATAGÓIR	PRÍOMHÚSÁID/COINNÍOLLACHA FRUILITHE			
	Seasamh nó lorg fruilithe	Fruiliú a cuireadh in áiríthint roimh ré	Tosaíocht do phaisinéirí faoi mhíchumas	Fruiliú corparáideach agus sócúlachta/ócáidí searmanais
Tacsaí	✓	✓		
Tacsaí oiriúnach do chathaoir rothaí	✓	✓	✓	
Fruilcharr		✓		
Limisín		✓		✓
Fruilcharr oiriúnach do chathaoir rothaí*		✓	✓	

\*Catagóir a tugadh isteach Meitheamh 2010.


## Struchtúr agus Méid na hEarnála

B'ann do bhreis agus 26,000 feithicil ag a raibh ceadúnas chun oibriú mar SPSVanna in Éirinn i Márta 2010. B'ann do bhreis agus 46,000 tiománaí ag a raibh ceadúnas SPSV, chomh maith le thart ar 300 oibreoir seachadta, agus chríochnaigh 80 díobh an próiseas ceadúnaithe ó thabhairt isteach ceadúnaithe oibreoirí seachadta in 2009. Cuireann suíomh gréasáin an Choimisiúin staitisticí ar fáil faoi struchtúr agus faoi mhéid na hearnála atá ag teacht chun cinn – déantar na figiúirí seo a nuashonrú gach ráithe.

Ba iad na príomhthreochtaí a sainaitníodh ag deireadh 2009:

- Bhí an chuma ar an margadh go raibh cothromaíocht bainte amach (thosaigh meath ag teacht ar líon na gceadúnas nua faoi lár na bliana 2008, feic thall);
- Bhí leibhéal infheistíochta sa tionscal ag titim;
- Bhí níos mó iomaíochais phraghais ar a raibh broghadh ag teacht (roinnt fianaise i leith lascainiú ag oibreoirí seachadta san áireamh); agus
- B'ann do leibhéal ísle ar an iomlán, d'iontráil ar an margadh agus de scor ón margadh.

## Ceardúnais nua eisithe Eanáir 2008–Feabhra 2010



## Tábhacht SPSVanna sa Chóras Iompair Phoiblí

In Éirinn, is iad SPSVanna, go ginearálta, an t-aon mhodh iompair ar a bhfuil fáil ag tomhaltóirí óna dteastaíonn seirbhís ó dhoras go doras. Tairgeann SPSVanna seirbhís iompair atá ar fáil 24 uair an chloig, 365 lá sa bhliain, agus a fhreagraíonn d'éileamh do réimse fairsing de ghrúpaí úsáideora.

Tacaíonn agus cuireann SPSVanna leis na seirbhísí a chuireann oibreoirí iompair poiblí eile ar fáil. Déanann seirbhísí sceidealaithe iompair poiblí, den chuid is mó, bealaí réamhshainithe a chuimsiú agus is gnách go gcuirtear stop leo san oíche agus go gcuireann siad seirbhísí teoranta ar fáil sna deirí seachtaine. I gcodarsnacht air seo, baineann na nithe a leanas le SPSVanna:

- Freagraíonn siad ar éileamh (go minic trí chóras áirithinte agus seachadta a dhéantar a bhainistiú);
- Bíonn fáil orthu 24 uair an chloig sa lá, seacht lá na seachtaine ar fud na tíre iomláine; agus

- Tionchar feabhsúcháin leanúnach a mhéadú i modhanna eile d'iompar poiblí, de bharr go n-éascaíonn siad rochtain ar mhóracomhail iompair agus uatha.

Sa mhullach air sin, is féidir le SPSVanna na nithe a leanas a dhéanamh:

- Leas a bhaint as mórlánaí bus a chinntíonn go bhfuil a n-oibriú éifeachtach ó thaobh costais agus breosla de, agus a chuireann seirbhís níos fearr ar fáil. (Tabhair faoi deara: baineann sé seo le tacsaithe amháin, agus le lánaí bus leis an sruth);
- Cuimsiú sóisialta daoine nach bhfuil rochtain acu ar fheithiclí príobháideacha a éascú;
- Seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine ag a bhfuil riachtanais bhreise (feithiclí inrochtana);
- A chinntiú go ndéantar ardchaighdeáin cháilíochtúla don tiománaí agus don fheithicil araon a rialú; agus
- Maidir le tacsaithe, oibriú le struchtúr uastáille náisiúnta, atá trédhearcach, agus ar féidir leis an oibreoir é a lascainiú ar mhaithe leis an tomhaltóir.



## Forbairt na Samhla Rialála le haghaidh SPSVanna in Éirinn.

Roimh 2000, ba shrianta cáilíochtúla ar iontráil ar an margadh tacsaithe, éagsúlacht i struchtúir agus i leibhéal táillí tacsáí ar fud na tíre, mar aon le struchtúr roinnte riaracháin do gach catagóir cheadúnais feithicle a bhí ina saintréithe rialála ar an earnáil SPSV. Níorbh ann, go stairiúil, ach dhá shaghas cheadúnais le haghaidh tacsaithe agus fruilcharr, nó gur tugadh isteach an chatagóir ‘tacsáí oiriúnach do chathaoir rothaí’ i 1992. Tugadh isteach an chatagóir cheadúnais limisíní in 2000.

Roimh 2000, ba mhó go mór an t-éileamh a bhí ar sheirbhísí SPSV ná an soláthar, go háirithe i mBaile Átha Cliath. Bhí cinneadh Ardchúirte ina thoradh ar léirscaoileadh iomlán na hearnála SPSV in 2000. Baineadh na srianta iontrála a bhí ar an margadh tacsaithe agus bhí feidhm go fóill le coinníollacha reatha cheadúnaithe do chatagóir na bhfruilcharr, na dtacsaithe oiriúnacha do chathaoir rothaí agus na limisíní. B’ann do mhéadú láithreach ar líon na SPSVanna – tháinig breis ar an gcabhlach ó thart ar 13,000 tráth dheireadh 1999 go dtí beagán de bhreis ar 20,700 faoi dheireadh 2004. Forbairt shuntasach arbh í an laghdú ar líon na gceadúnas fruilchairr, de bharr gur chuir go leor oibreoirí fruilchairr isteach ar cheadúnais tacsáí agus ceadáíodh iad.

Aithnítear san Acht um Rialáil Tacsaithe, 2003 an gá le rialú cáilíochtúil níos mó agus leagtar amach ann roinnt cuspóirí ina leith seo. Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe i Meán Fómhair 2004 agus chuireamar tús lenár gclár de rialacháin cháilíochtúla mar aon le córais thacaíochta a thabhairt isteach ó 2005 i leith.

## Tionchar na Samhla Rialála Éireannaí go dtí 2010

Bhí tionchar suntasach ag an gCoimisiún sna chéad chúig bliana dá bhfeidhmiú ar an earnáil SPSV. Tugtar achoimre sa tábla (feic leathanach thall) ar na príomhathruithe a tharla ó 2005 i leith. Foilsítear sonraí iomlána na ngníomhaíochtaí agus an dul chun cinn le haghaidh gach bliana i dtuarascálacha bliantúla an Choimisiúin, ar a bhfuil fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

## Cur leis an tSamhail Rialála – ó 2010 Ar Aghaidh

Téamaí athfhillteacha i gcomhairliúchán leanúnach le baill den tionscal iad éifeachtacht na samhla rialála in Éirinn mar aon leis na dúshláin a eascraíonn ó léirscaoileadh iomlán. Tacaíonn tuairimí an OECD, agus an Bhainc Dhomhanda, mar aon leo siúd den Údarás Iomaíochta leis an gcur chuige i leith rialú ar glacadh leis in Éirinn. Tá an OECD i bhfabhar dírialáil iontrála i dteannta bearta eile rialála, ar nós leasú praghais agus caighdeán níos déine seirbhíse<sup>1</sup>.

De thairbhe go bhfanfaidh an tsamhail reatha rialála i bhfeidhm in Éirinn, leanfaidh an Coimisiún orthu ag díriú ar éileamh a mhúscailt trí chaighdeáin cháilíochta a ardú, dul i ngleic le héileamh folaigh ar sheirbhísí inrochtana, agus nuálaíocht agus comhcheangal níos fairsinge a spreagadh. Braitheann rath leanúnach an tionscail ar sholáthar seirbhísí ardchaighdeáin do thomhaltóirí agus ar fhorbairt gnólachtaí nua-aimseartha, iomaíochta, i measc oibreoirí aonair, comharchumann nó cuideachtaí teoranta. Leanfaidh an Coimisiún agus iomaíochas a chur chun cinn laistigh den earnáil SPSV trí é a chur ar chumas tomhaltóirí idirdhealú a dhéanamh idir soláthróirí ardchaighdeáin agus iad a chúiteamh, agus a chinntiú, i gcomhthráth, go gcothaítear iomaíochas idir oibreoirí faoi chostas agus faoi sheirbhísí agus go gcuirtear na smachtbhannaí cuí ar oibreoirí gan cheadúnas agus neamhchomhlíontacha. Spreagfaidh an Coimisiún baill den tionscal breis forbartha a dhéanamh ar a gcuid scileanna agus inniúlachtaí tríd an gClár Forbartha Scileanna agus trí chúrsaí eile oiliúna.

Cinnteoimid go mbeidh ár gcinntí beartais feasach ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus le hAnailís ar an Tionchar Rialála (RIA). Déanfar dlúthmhonatóireacht ar chur i bhfeidhm agus déanfar athbhreithniú air d’fhonn a chinntiú go mbaineann na cinntí seo a gcuid cuspóirí amach. Cuirfimid an chreatlach reachtaíochta agus institiúide ar fáil a theastaíonn d’fhorbairt leanúnach an tionscail SPSV, agus tacóimid leis seo le méideanna comhréireacha forfheidhmithe. Leanfaimid orainn le coinníollacha agus le córais cheadúnaithe atá cóir, trédhearcach, éifeachtach i dtaobh costais agus éifeachtúil a fhorbairt. I dteannta an mhéid sin, leanfaimid linn ag tacú le comhcheangal na hearnála SPSV sa ghréasán níos fairsinge iompair, chomh maith le húsáid teicneolaíochtaí infheithicle a chur chun cinn d’fhonn dul chun cinn na hearnála SPSV in Éirinn atá nuálaíoch agus a fhreagraíonn ar éileamh.

<sup>1</sup> OECD, *Seirbhísí Tacsáí, Iomaíochas agus Rialáil* (*Taxi Services, Competition and Regulation*), 2007

	COMHAIRLIÚCHÁN	RIALACHÁIN/PRÓISIS TACAÍOCHTA A TUGADH ISTEACH	EILE
2005	Comhairliúchán a bhí ar bun a chuirsiú na hábhair a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Seirbhísí agus caighdeán</li> <li>• Cód nua náisiúnta rialála</li> <li>• Limistéir tacsaiméadair</li> <li>• Táillí tacsáí</li> </ul>	Próisis inmheánacha an Choimisiúin agus córais riaracháin ar cuireadh tús leo	<i>Athbhreithniú Náisiúnta ar Sheirbhísí agus ar Chaighdeán SPSV</i> arna fhoilsiú <i>cRáiteas Straitéise 2005–2009</i> arna fhoilsiú Aighneachtaí chuig gníomhaireachtaí Rialtais agus Stáit maidir le ceisteanna a bhain le SPSVanna
2006	Próiseas comhairliúcháin um chaighdeán feithiclí ar tugadh faoi	Limistéir tacsaiméadair náisiúnta tugtha isteach Cuireadh tús leis an gcóras ceadúnaithe náisiúnta feithiclí Cuireadh tús leis an gcéad uastáille náisiúnta thacsáí Seoladh línte náisiúnta faisnéise le haghaidh an tionscail agus tomhaltóirí Cuireadh tús leis an bpróiseas náisiúnta gearán	Seoladh <i>Ag Tiomáint Chun Cinn</i> ('Driving Forward') – <i>Plean Gníomhaíochta le haghaidh 2006-2007</i> Feachtas feasachta poiblí maidir le cearta agus le freagrachtaí tomhaltóirí SPSV Measúnuithe ar an Tionchar Rialála arna stiúradh ar riachtanais amach anseo Seoladh nuachtlitir an tionscail Aighneachtaí chuig gníomhaireachtaí Rialtais agus Stáit maidir le ceisteanna a bhain le SPSVanna
2007	Páipéar comhairliúcháin ar inaistritheacht cheadúnas feithicle SPSV chuig sealbhóirí ceadúnais	Tabhairt isteach agus dáileadh faisnéis infheithicle do thomhaltóirí Tabhairt isteach agus dáileadh sainaitheant fheabhsaithe tiománaí Forbairt bunachar sonraí do cheadúnais tiománaithe náisiúnta SPSV Foireann thiomnaithe forfheidhmithe arna hearcú, agus tús curtha le próisis tacaíochta Córas Pionóis Mhuirir Sheasta arna thabhairt isteach Tosach feidhme ionchúiseamh go náisiúnta Tugadh isteach an riail 'Feithicil amháin, ceadúnas amháin' ('One vehicle, one licence') Tugadh isteach an ceanglas ar gach oibreoir SPSV fáltais a eisiúint Tugadh isteach an ceanglas madraí treorach a iompar An oibleagáid arna thabhairt isteach gan táillí 30 Cíliméadar nó faoina bhun a dhiúltú go míréasúnach Baineadh an gá iarratas a chur chuig an gCúirt Dúiche le ceadúnas SPSV a atheisiúint a chuaigh as feidhm le breis agus sé mhí Rinneadh na ceanglais lenar bhain an comhartha dín a shoiléiriú	Tugadh an beartas um nochtadh faisnéise maidir le sealbhóirí ceadúnais chun críche Measúnú ar an Tionchar Rialála arna stiúradh ar chaighdeán feithiclí <i>Caighdeán Náisiúnta Feithiclí</i> arna bhfoilsiú Feachtais faisnéise agus feasachta poiblí le húsáid SPSVanna a chur chun cinn Aighneachtaí chuig gníomhaireachtaí Rialtais agus Stáit maidir le ceisteanna a bhain le SPSVanna
2008	An dara comhairliúchán ar tháillí tacsáí Suirbhéanna déanta ar thuilleamh agus ar choinníollacha oibre oibreoirí agus ar úsáid tomhaltóirí de sheirbhísí SPSV, mar réiteach d'Athbhreithniú Geilleagraich an Tionscail SPSV	Athbhreithniú déanta ar tháillí ceadúnais fruilchairr agus limisín Ceanglais um fhíorú cáipéisí agus cuntas a choimeád arna dtabhairt isteach le haghaidh sealbhóirí ceadúnais a bhfuil a bhfeithicil á hoibriú ag duine eile Rinneadh athbhreithniú ar an uastáille náisiúnta thacsáí Dioscáí dathchódaithe do bhearnaithe do gach feithicil cheadúnaithe arna dtabhairt isteach	<i>Plean Gníomhaíochta 2008–2009</i> arna fhoilsiú Comhfheachtas leis an RSA le húsáid SPSVanna a chur chun cinn Nuachtlitir d'oibreoirí seachadta arna seoladh Aighneachtaí chuig gníomhaireachtaí Rialtais agus Stáit maidir le ceisteanna a bhain le SPSVanna
2009	Stiúradh próisis chomhairliúcháin ar na nithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Moltaí le haghaidh Athbhreithniú Geilleagraich</li> <li>• Pleanáil agus soláthar stadanna tacsaithe</li> <li>• Próiseas straitéise 2010-2014</li> </ul>	Caighdeán nua feithiclí arna dtabhairt isteach d'iontrálaithe nua Seoladh Clár Forbartha Scileanna agus tugadh isteach Tástáil Iontrála SPSV do gach iarratasóir nua ar cheadúnas tiománaí SPSV Tugadh isteach rialúcháin um oibreoirí seachadta Córas ceadúnaithe oibreoirí seachadta arna thabhairt isteach Clár na bhfeithiclí oiriúnacha do chathaoir rothaí arna bhunú	<i>Athbhreithniú Geilleagraich ar an Tionscal SPSV</i> arna fhoilsiú Anailís ar an Tionchar Rialála arna stiúradh ar phríomh-mholtaí an Athbhreithnithe Gheilleagraigh <i>Feabhas Cáilíochta a Chur chun Cinn</i> arna fhoilsiú, ina sonraítear na príomhleasuithe a bheartaítear le haghaidh 2010 agus níos faide chun cinn Aighneachtaí chuig gníomhaireachtaí Rialtais agus Stáit maidir le ceisteanna a bhain le SPSVanna

CAIBIDIL A CEATHAIR

# Ár bpáirtithe leasmhara



## Ár bPáirtithe Leasmhara

Measann an Coimisiún gur céim ríthábhachtach í an tréimhse chúig bliana a chuimsíonn an ráiteas straitéise seo maidir le haibiú na samhla reatha rialála. Táimid meáite, go fóill, ar oibriú lenár bpáirtithe leasmhara leis na caighdeáin tionscail ar an iomlán a fheabhsú agus le hoibriú i dtreo comhcheangal níos fearr den chabhlach sa chóras iompair phoiblí níos leithne. Cabhróidh ár gcorprú san Údarás Iompair Náisiúnta go mór leis an tasc seo.

Bíonn idirghníomhaíocht ar siúl idir an Coimisiún agus réimse fairsing de pháirtithe leasmhara ar bhonn rialta, lena n-áirítear iad seo a leanas (in ord aibítire):

- An Chomhairle Chomhairleach don Choimisiún (feic Aguisín 2 le haghaidh sonraí)
- Cumann Tráchtála na hÉireann
- An tÚdarás Iomaíochta
- Cumann Tomhaltóirí na hÉireann
- An tSeirbhís Chúirteanna
- An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
- An Roinn Iompair
- Grúpaí míchumais agus a gcomhlachtaí ionadaíoch
- Oibreoirí seachadta
- Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath
- Fáilte Éireann
- An Garda Síochána
- Tomhaltóirí aonair
- Oibreoirí aonair
- Comhlachtaí ionadaíoch tionscail
- Cónaidhm na nÓstán Éireannach
- Cónaidhm Árachais na hÉireann ('Irish Insurance Federation')
- Seirbhísí Méadreolaíochta Dlí
- Údarás Áitiúla
- An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí
- An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
- An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann
- Na Coimisinéirí Ioncain
- An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Soláthróirí don tionscal (soláthróirí trealamh infheithicle mar shampla)
- Déantúsóirí, tiontairí agus soláthróirí feithiclí

Is eol don Choimisiún buarthaí na soláthróirí seirbhíse, úsáideoirí na seirbhíse agus na bpáirtithe leasmhara eile. Agus ár ndícheall á dhéanamh againn cothromaíocht a choimeád idir an leas éagsúil, ní dócha go rachaimid i ngleic go hiomlán le gach buairt a bhíonn ag aon pháirtí leasmhar amháin. Féachaimid leis an gcothromaíocht is fearr a bhaint amach agus aird ar gach dearcadh agus le forbairt chomhsheasmhach a dhéanamh ar an gceatlach iomlán rialála ar mhaithe leis an earnáil ina hiomláine.

Tá luach againn ar an gcaidreamh atá againn le gach ceann dár bpáirtithe leasmhara agus aithnímid an fheidhm agus an méid suntasach a chuireann na comhlachtaí reachtúla leis na próisis ceadúnaithe SPSV, lena bhfuil baint acu, faoi mar a shonraítear thíos:

- Riarann **an Garda Síochána** an córas reatha ceadúnaithe tiománaithe SPSV, agus is iad de shíor a bheidh mar an ghníomhaireacht údaráithe agus cháilithe le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht iarratasóra do cheadúnas tiománaí SPSV.
- Tá **an tSeirbhís Mhéadreolaíochta Dlí** freagrach as calabrú tacsaiméadar agus is iad a riarann tacsaiméadar.
- Tá **an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre** freagrach as an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna agus is iad a riarann í.

Is mór linn an tacaíocht a chuireann na gníomhaireachtaí seo agus eile ar fáil don earnáil SPSV in Éirinn. Oibríonn an Coimisiún go dlúth le gach ceann de na gníomhaireachtaí seo agus leanfaimid orainn amhlaidh maidir le cúrsaí forbartha oibríche agus beartais d'fhonn caighdeáin iomlána sa tionscal SPSV a fheabhsú.

Tá an luach céanna againn ar ár gcaidreamh le baill den tionscal agus atá againn ar thomhaltóirí an tionscail. Tugaimid faoi phróisis chomhairliúcháin phoiblí go rialta agus cinntimid go mbímid feasach ar an aiseolas ón na próisis seo agus forbairt á déanamh againn ar ár gcuid beartas. Tugaimid faoi chruinnithe rialta le hionadaithe tionscail agus bíonn an aird mar is ceart againn ar gach ceann dá gcuid buarthaí i rith na bpróiseas breithniúcháin beartas. Tá clár leasuithe an Coimisiúin fós á chur chun cinn ar bhonn céimnithe d'fhonn ligean d'oibreoirí reatha dul i dtaithe ar na caighdeáin cháilíochtúla fheabhsaithe. Ina theannta sin, bíonn cumarsáid rialta againn le húsáideoirí seirbhíse trí roinnt meán. Téann ionadaithe de dhaoine faoi mhíchumas, go háirithe, i dteagmháil linn go gníomhach maidir lenár bpróiseas déanta beartas.

## CAIBIDIL A CÚIG

# Ár dtosaíochtaí agus cuspóirí





## LÉARGAS GINEARÁLTA AR CHUSPÓIRÍ

I ndiaidh sainchomhairliúcháin le réimse leathan páirtithe leasmhara, tá cúig chuspóir straitéiseacha leagtha amach ag an gCoimisiún do 2010–2014.



Leagadh dhá chuspóir uileghabhálacha amach le sainchúram reachtúil an Choimisiúin a léiriú:

- 1 Leanúint le forbairt agus le cothú na **creatlaí rialála** don tionscal SPSV in Éirinn; agus
- 2 Rochtain an uile úsáideora ar **sheirbhísí ardchaighdeáin SPSV** a éascú, go háirithe daoine faoi mhíchumas.

Leagadh trí chuspóir straitéiseacha bhreise amach leis an earnáil SPSV a chur chun cinn i dtreo ár bhfíse (feic taobh istigh den chlúdach tosaigh). Braithfidh baint amach na gcuspóirí seo ar acmhainní dóthanacha don Choimisiún a chothú.

Is iad na cuspóirí seo:


- 3 An dearbhú **cáilíochta** le haghaidh úsáideoirí SPSV agus soláthróirí seirbhíse a chur chun feabhais;
- 4 Bheith **mar chomhpháirtí le páirtithe leasmhara agus dul** i dteagmháil leo d'fhonn cuspóirí reachtúla agus straitéiseacha a chur chun cinn; agus
- 5 Comhcheangal seirbhísí SPSV **sa chóras iompair phoiblí** níos leithne a chur chun cinn.

Léiríonn na leathanaigh a leanas na spriocanna agus na gníomhartha tacaíochta ar gá leo leis an cuspóirí a leagtar amach thuas a bhaint amach. Tabharfaidh pleananna gníomhaíochta tacaíochta an Choimisiúin sonraí breise ar an réimse gníomhaíochtaí faoina dtabharfar leis an straitéis seo a chur i bhfeidhm.



## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1

# Leanúint le forbairt agus le cothú na creatlaí rialála don tionscal SPSV in Éirinn



Ón mbliain 2003 i leith, chuir samhail rialála na hÉireann béim go príomha ar chaighdeán cháilíochta a shocrú agus a gcomhlíonadh a chinntiú. Sa chéad chúig bliana dó bheith i mbun oibre, d'fhorbair an Coimisiún cur chuige náisiúnta i leith rialú na hearnála SPSV, chun tairbhe na gcustaiméirí agus na n-oibreoirí tionscail araon. Forálann an córas reatha le haghaidh na nithe seo a leanas:

- Limistéar náisiúnta tacsaiméadair agus tacú le huastáille náisiúnta tacsáí;
- Seirbhís náisiúnta do cheadúnú feithiclí;
- Seirbhís náisiúnta do cheadúnú oibreoirí seachadta;
- Caighdeán náisiúnta feithicle;
- Córas náisiúnta do shainaithe tiománaithe;
- Caighdeán náisiúnta tiománaithe tríd an gClár Forbartha Scileanna;
- Treoirínte do stadanna tacsaithe a chuireann inrochtaineacht san áireamh;
- Clár náisiúnta do cheadúnais feithiclí, tiománaithe agus oibreoirí seachadta;
- Foireann forfheidhmithe tiomanta agus feidhm ionchúisimh;
- Córas náisiúnta do ghearáin agus do mholtaí;
- Seirbhís feabhsaithe do dhaoine faoi mhíchumas; agus
- Próifíl mhionsonraithe tionscail SPSV, a thugtar cothrom le dáta go rialta le staitisticí ceadúnais agus úsáide, le hanailís ar threochtaí, agus le hathbhreithnithe geilleagracha.

Thar shaolré na straitéise seo, leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag forbairt agus ag forfheidhmiú beartas a dhéanann na nithe seo a leanas:

- Ceadúnú, monatóireacht agus rialú na sealbhóirí ceadúnais SPSV ar fad a éascú (sealbhóirí ceadúnas feithicle, tiománaithe agus oibreoirí seachadta);
- Na prionsabail i bPáipéar Bán an Rialtais *Rialáil Níos Fearr a Léiriú*;
- Bunús dlí a thabhairt d'fheabhsú leanúnach caighdeán do thiománaithe, d'fheithiclí agus d'oibreoirí seachadta SPSV; agus
- Bealaí éifeachtacha agus comhréireacha a chur ar fáil chun dul i ngleic le neamhchomhlíonadh agus le gníomhaíocht mhídhleathach, d'fhonn a chinntiú go gcosnaítear oibreoirí comhlíontacha ó iomaíocht éagórach.

Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag cur comhlíonadh iomlán chun cinn ar gach bealach atá ar fáil dúinn. Déanfaimid barrfheabhas a chúiteamh agus cuirfimid muinín tomhaltóirí sa tionscal chun cinn.

Rachaimid i ngleic le neamhchomhlíonadh trínár monatóireacht agus trínár gcórais forfheidhmithe agus i gcomhar le páirtithe tábhachtacha eile – oibreoirí gairmiúla tionscail, gníomhaireachtaí forfheidhmithe amhail an Garda Síochána, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghligh, na Coimisinéirí loncaim, an tSeirbhís Mhéadreolaíochta Dlí, agus an pobal i gcoitinne.

## Creatlach Rialála

Leanfaidh an Coimisiún leis an gcur chuige is éifeachtúla agus is éifeachtaí a chinntiú i leith an tionscail SPSV in Éirinn a rialú, agus aird ar an tsamhail rialála a bhaineann go speisialta le hÉirinn.

### SPRIOC 1

Leanúint le rialacháin reatha SPSV a chomhdhlúthú ionas go mbeidh siad soiléir agus inrochtana.

- Oibriú leis an Roinn Iompair, leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus le comhlachtaí cuí eile d'fhonn a chinntiú go gcuireann an chreatlach reachtaíochta le haghaidh SPSVanna na tacaíochtaí ar fáil go soiléir a theastaíonn le cuspóirí na samhla iomláine rialála a bhaint amach;
- Breithniú a dhéanamh ar thionchar aon athraithe a bheartaítear trí thabhairt faoi anailís ar an tionchar rialála (RIAanna);
- Aon athrú ar na riachtanais ar pháirtithe leasmhara a chur in iúl ar bhealach tráthúil agus éifeachtach trí gach meán ar a bhfuil fáil (mar shampla, nuachtlitir, líne faisnéise an tionscail, suíomh gréasáin an Choimisiúin);
- I gcomhoibriú leis an Roinn Iompair, leis an nGarda Síochána, leis an tSeirbhís Chúirteanna agus le sealbhóirí ceadúnais (agus in aon treo le riarachán ceadúnaithe tiománaithe SPSV a aistriú ón nGarda Síochána chuig an gCoimisiún), féachaint le tús a chur le hAlt 36 (dícháiliú éigeantach) agus le hAlt 45(5) (pionóis le haghaidh daorbhreitheanna) den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2003.

### SPRIOC 2

Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na rialacháin atá ann cheana le forbairt agus le feabhsú leanúnach na gcaighdeán agus na bpróiseas a chumasú.

- Tabhairt faoi athbhreithniú gach dhá bhliain ar choinníollacha ceadúnaithe, ar tháillí agus ar smachtbhannaí rialála d'fhonn a chinntiú go leanfar ar aghaidh le cuspóirí bunúsacha a chomhlíonadh ar bhealach atá éifeachtach i dtaobh costais, comhréireach agus éifeachtúil.
- Teicneolaíocht a úsáid i gceart, d'fhonn na tairbhí a uasmhéadú agus na costais a laghdú lena mbaineann ceadúnú, monatóireacht agus gníomhaíochtaí comhlíonta;
- Páirt a ghlacadh in athbhreithnithe neamhspleácha seachtracha ar ár samhail rialála, amhail a threoraíonn an Rialtas.

### SPRIOC 3

An Clár Náisiúnta Ceadúnas a chothabháil agus a fhorbairt ar bhonn leanúnach agus cinntiú go mbíonn próisis tacaíochta do cheadúnais trédhearcach, comhsheasmhach, comhréireach agus éifeachtach.

- Seirbhís imscrúdaithe agus ceadúnaithe feithiclí a chur ar fáil do gach sealbhóir ceadúnais SPSV trí choinne a dhéanamh;
- Leanúint ar aghaidh agus comhairle a chur ar fáil i ndáil le sonraíochtaí feithicle trínár suíomh gréasáin agus trínár líne ghutháin um fhaisnéis tionscail le tacaíocht a thabhairt d'oibreoírí maidir le próisis iarratais, athnuachana agus athraithe feithicle;
- Seirbhísí ceadúnaithe a chur ar fáil d'oibreoírí seachadta cláraithe;
- Seirbhísí coimhdeacha a chur ar fáil don phróiseas ceadúnaithe tiománaithe i gcomhoibriú leis an nGarda Síochána, an tÚdarás reatha ceadúnaithe (sainaitheint tiománaithe, tástáil scileanna tiománaithe agus deimhniúchán);
- Leanúint le hoibriú leis an nGarda Síochána le breis feabhais a chur ar choinníollacha agus ar phróisis reatha cheadúnaithe agus le planáil a dhéanamh d'aistriú na bunfhreagrachta um cheadúnú tiománaithe chuig an gCoimisiún.

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1 AR LEAN

### Comhlíonadh agus forfheidhmiú

Bainfidh an Coimisiún leas as gach acmhainn ar a bhfuil fáil le comhlíonadh a uasmhéadú, agus rachaimid i ngleic le neamhchomhlíonadh go héifeachtach.

#### SPRIOC 4

Tionchar na modhanna reatha forfheidhmithe a uasmhéadú.

- An tsamhail is fearr d'fhorfheidhmiú a shainaitheint d'fhonn a chinntiú go mbíonn an t-uastionchar ag acmhainní an Choimisiúin;
- Cumhachtaí forfheidhmithe a athbhreithniú agus a chur chun feabhais sa chás cú;
- Gníomhaíochtaí agus roinnt faisnéise le gníomhaireachtaí eile forfheidhmithe a chomhcheangal níos mó, lena n-áirítear an Garda Síochána, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaglaigh, na Coimisinéirí Ioncaim, agus an tSeirbhís Mhéadreolaíochta Dlí, le tabhairt faoi na dúshláin chomhlíonta;
- Modheolaíochtaí as a mbaintear leas i bpróisis eile forfheidhmithe a imscrúdú d'fhonn próifiliú riosca agus spriocdhírú a chumasú.

#### SPRIOC 5

Níos mó forbartha a dhéanamh ar rialuithe agus ar phróisis bhreise d'fhonn comhlíonadh a uasmhéadú.

- Rialuithe breise a chur i bhfeidhm i riarachán agus in imscrúdú ceadúnaithe le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus le hé a chinntiú;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar gach próiseas bailithe sonraí, scaipthe sonraí agus monatóireachta le cumas a shainaitheint le haghaidh gnóthachan breise comhlíonta.

#### SPRIOC 6

Réitigh nuálaíochta a fhorbairt i leith dúshláin leanúnacha chomhlíonta.

- Teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a úsáid nuair is cú le haghaidh cuspóirí monatóireachta agus próifílithe;
- Úsáid gléasanna breise slándála a imscrúdú le muinín an chustaiméara a chothú agus le cabhrú le hoibriú neamhdhleathach a bhrath.

#### SPRIOC 7

Muinín an phobail in oibreoirí comhlíontacha a chothú.

- Tairseach ar líne atá furasta le húsáid a chur ar fáil chuig ár gcláir shealbhóirí ceadúnais SPSV;
- Faisnéis bhreise a chur ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse a chruthóidh muinín i gcaighdeáin oibríochta oibreoirí ceadúnaithe SPSV.

#### SPRIOC 8

Leanúint le hoideachas a chur ar pháirtithe leasmhara agus le feasacht ar cheanglais chomhlíonta SPSV a uasmhéadú dá thairbhe.

- Faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí faoi conas oibreoirí neamhchomhlíontacha a sheachaint agus a thuairisciú;
- Leanúint ar aghaidh agus cur le cláir oiliúna na nGardaí Síochána agus chomhlachtaí cú eile forfheidhmithe;
- Faisnéis a chur ar fáil ar bhonn leanúnach don tionscal i ndáil le saincheistanna rialála agus comhlíonta;
- Dul i dteagmháil leis an tionscal maidir le saincheistanna comhlíonta agus gníomhú i leith gach faisnéise infhíoraithe a fhaightear i dtaca leis na saincheistanna sin.

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 2

# Rochtain gach úsáideora ar sheirbhísí ardchaighdeáin SPSV a éascú, go háirithe daoine faoi mhíchumas



Tá an earnáil fhuinniúil agus athraitheach SPSV in Éirinn ag cur seirbhís a fhreagraíonn d'éileamh an phobail ar fáil i gcónaí. Ón tús ar fad, bhí sé d'aidhm ag an gCoimisiún caighdeáin agus rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú don phobal ar fad, le go bhféadfaidís tairbhe a bhaint as an tseirbhís 24/7 phearsanta ó dhoras go doras a chuireann an earnáil SPSV ar fáil.

Mar is léir do thomhaltóirí na hÉireann, oibreoirí gairmiúla iad formhór mór na soláthróirí seirbhíse SPSV, a chomhlíonann na caighdeáin cheadúnaithe ar fad agus a chuireann seirbhís chairdiúil, ghairmiúil agus bhéasach ar fáil dá gcustaiméirí ar fad. Bhí feabhas leanúnach le sonrú le cúig bliana anuas i gcaighdeán agus i gcáilíocht na seirbhíse a chuireann an earnáil SPSV ar fáil, agus méadú ar fheasacht agus léirthuiscint an phobail ar an earnáil. Bhí iomaíochas méadaithe idir oibreoirí, ar phraghas go háirithe, ag gabháil leis an ardú seo ar chaighdeáin.

Ón mbliain 2005 i leith, tá an Coimisiún tar éis tabhairt faoi roinnt céimeanna chun tacú le rochtain ar sheirbhísí SPSV, agus lena n-úsáid, lena n-áirítear:

- Feasacht agus eolas an phobail a fheabhsú, trínár súíomh gréasáin, agus trí mheáin chlóite agus eile;
- Cosaint tomhaltóirí a bhreisiú trí sholáthar níos fearr d'eolas rialaithe;
- Feachtais feasacht tomhaltóirí a réachtáil go rialta;
- Líne náisiúnta eolais agus comhairle do thomhaltóirí a chur ar fáil; agus
- Seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a fheabhsú trí bhearta rialála agus seirbhíse, lena n-áirítear soláthar clár d'oibreoirí feithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí.

Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún an feabhas seo a leanas a bhaint amach as seo go ceann cúig bliana:

- Réimse cuí feithiclí do dhaoine faoi mhíchumas a chinntiú;
- An t-éileamh ar sheirbhísí SPSV a spreagadh tuilleadh, trí mhuintir tomhaltóirí as seirbhísí SPSV agus a rochtain orthu a bhreisiú; agus
- Fáil níos éasca ar eolas agus ar sheirbhísí a chur ar fáil d'úsáideoirí a bhfuil riachtanais faoi leith acu.

Beidh cothabháil an chabhlaigh reatha feithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí ina príomhábhar cúraim sna blianta beaga amach romhainn. I measc aidhmeanna straitéis 2005-2009 bhí 10% den chabhlach SPSV a bheith inrochtana go hiomlán. Níorbh fhéidir an sprioc seo a bhaint amach laistigh den tréimhse seo de dheasca bhail mheathlaithe an gheilleagair agus easpa maoinithe a theastaigh.

Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag fiosrú bealaí chun feithiclí inrochtana a chothú agus a fheabhsú, i gcomhar leis an Roinn Iompair, leis an earnáil mhíchumais agus leis an tionscal féin.

Tá dúshlán faoi leith ag baint leis an gcabhlach a dhéanamh inrochtana do gach grúpa úsáideoirí, agus leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag oibriú leis an Údarás Iompair Náisiúnta, leis an Roinn Iompair agus le hoibreoirí SPSV chun straitéisí cuí airgeadais agus neamhairgeadais a fhiosrú chun inrochtaineacht leanúnach agus fheabhsaithe ar sheirbhísí inrochtana a chinntiú.

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 2 AR LEAN

### Seirbhís inrochtana agus ardchaighdeán

Leanfaidh an Coimisiún agus cabhlach SPSV a chur chun cinn a bhfuil sé ar a chumas dul i ngleic leis an réimse iomlán de riachtanais chustaiméirí, i dtaobh cáilíochta agus cainníochta, ionas go ndéantar úsáid SPSVanna a uasmhéadú, ar mhaithe le hoibreoírí agus le húsáideoírí araon.

#### SPRIOC 9

Leanúint ar aghaidh agus an fháil atá ar líon cuí feithiclí inrochtana a chur chun cinn.

- Leanúint ar aghaidh ag dul sa tóir ar chúnamh airgeadais le tacú le huasghrádú an chabhlaigh reatha inrochtana ionas go mbainfear amach caighdeán fheabhsaithe feithiclí agus coinne le tabhairt isteach caighdeán nua AE i leith feithiclí in 2012 agus níos faide ar aghaidh;
- Dul i dteagmháil le hiompórtálaithe agus le tiontairí feithiclí agus le húdaráis eile chuí le feasacht ar na caighdeán nua a chothú;
- Faisnéis a chur ar fáil d'oibreoírí ionas go dtéann siad i dtaithe ar na próisis formheasa le haghaidh feithiclí oiriúnacha do chathaoir rothaí agus cabhrú leo feithiclí a roghnú a bhaineann na caighdeán a theastaíonn amach;
- Oibriú leis an tionscal d'fhonn a chinntiú go bhfuil cothromaíocht níos fearr idir an t-éileamh ar sheirbhís inrochtana agus soláthar na seirbhísí sin, faoi mar a leagtar amach in RIA an Choimisiúin, *Inrochtaineacht ar Sheirbhísí SPSV a Fheabhsú* ('Improving Accessibility to SPSV Services'), Deireadh Fómhair 2009.

#### SPRIOC 10

Monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal seirbhíse lena chinntiú go gcomhlíonann oibreoírí rialacháin agus dea-chleachtas.

- Monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal agus ar cháilíocht an tsoláthair seirbhíse ag oibreoírí feithiclí oiriúnacha do chathaoir rothaí trí rúnsiopadóireacht agus trí mhodhanna eile;
- Leanúint le freagairt go héifeachtach agus go héifeachtúil ar gach moladh agus gearán.

### Feasacht agus dearbhú tomhaltóirí

Cuirfidh an Coimisiún faisnéis agus cúnamh cuí ar fáil do thomhaltóirí d'fhonn a chinntiú go mbaineann gach aistear SPSV na caighdeán is airde amach, gan trácht ar conas ná ar cathain a bhaintear leas as an tseirbhís.

#### SPRIOC 11

Cabhrú le húsáideoírí an tseirbhíse is mó a oireann dá gcuid riachtanas a shainaithe.

- Faisnéis do thomhaltóirí a chur ar fáil d'fhonn feasacht ar conas oibreoírí ceadúnaithe a roghnú a mhéadú;
- Fianaise chuí a thabhairt do shealbhóirí ceadúnais feithicle i leith stádas a gceadúnais, lena n-áirítear teastas ceadúnais SPSV agus díoscaí doibhearnaithe, ar chóir dóibh a thaispeáint ar mhaithe le faisnéis do thomhaltóirí agus le cuspóirí comhlíonta;
- Leanúint ar aghaidh agus cártaí oiriúnacha ID a thabhairt do thiománaithe ceadúnaithe SPSV, ar chóir dóibh a thaispeáint ar mhaithe le faisnéis do thomhaltóirí agus le cuspóirí comhlíonta;
- Leanúint le teastais cheadúnais a chur ar fáil d'oibreoírí ceadúnaithe seachadta;
- Fáil phoiblí ar shonraí teagmhála oibreoírí ceadúnaithe seachadta a chur ar fáil, ar mhaithe le háirithe roimh ré agus le seirbhís níos fearr do chustaiméirí a éascú;
- Imscrúdú a dhéanamh ar sholáthar faisnéise faoi shuíomh agus faoi áiseanna stadanna tacsaithe ar fud na hÉireann;
- Oibriú leis na gníomhaireachtaí cuí le soláthar faisnéise faoi sheirbhísí SPSV ag móracomhail iompair agus ag pointí eile rochtana a fheabhsú.

## SPRIOC 12

Leanúint le feachtais phoiblí a réachtáil le húsáid SPSVanna a chothú agus le feasacht tomhaltóirí ar na tairbhí lena mbaineann oibreoírí ceadúnaithe a mhúscailt.

- Meáin réigiúnacha agus eile a úsáid le seirbhísí áitiúla agus le sainseirbhísí SPSV a chur chun cinn ar bhealach réamhghníomhach agus éifeachtach laistigh de na hacmhainní ar a bhfuil fáil;
- Faisnéis faoi chaighdeáin fheabhsaithe agus faoi phróisis tacaíochta a scaipeadh, d'fhonn an úsáid a bhaintear as seirbhísí SPSV a uasmhádú.

## SPRIOC 13

Leanúint ar aghaidh agus feabhas a chur ar fhaisnéis infheithicle agus ar fhaisnéis tacaíochta do chustaiméirí.

- Faisnéis infheithicle do thomhaltóirí a nuashonrú ar bhonn leanúnach;
- Cinntiú go leanann an líne ghutháin faisnéise do thomhaltóirí ag cur comhairle inrochtana, chúig agus thráthúil ar fáil;
- Faisnéis do thomhaltóirí a chur ar fáil trí leas a bhaint as gach meán cúig (mar shampla, trí theicneolaíocht shoghluaiste, trí shuíomhanna gréasáin, nó trí comhfheachtais faisnéise agus feasachta le comhlachtaí eile den earnáil phoiblí).

## Iomaíochas cóir

Cuirfidh an Coimisiún iomaíochas cóir chun cinn laistigh den tionscal d'fhonn an t-éileamh i measc tomhaltóirí a uasmhádú agus d'fhonn úsáid mhéadaithe as seirbhísí SPSV a mhúscailt.

## SPRIOC 14

An uastáille náisiúnta thacsaí a shocrú ag leibhéal a chruthaíonn ioncam cóir, agus a dhéanann éileamh a uasmhádú.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an uastáille náisiúnta thacsaí gach dhá bhliain, ar a laghad;
- Feasacht phoiblí gur uastáille í an táille a mhéadú, d'fhonn iomaíochas cúig praghais a spreagadh ar mhaithe le hoibreoírí agus le tomhaltóirí araon (lena n-áirítear leas a bhaint as lascainiú agus as bearta eile le héileamh breise a mhúscailt);
- Breithniú a dhéanamh ar bhearta le dul i ngleic le hinacmhainneacht le haghaidh grúpaí éagsúla SPSV, go háirithe nuair is dócha gurb ann d'éileamh neamhshásta;
- Dul i dteagmháil leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh le deiseanna a shaináithint le taisteal maoinithe SPSV a chur ar fáil do dhaoine atá i dteideal é a fháil.

## SPRIOC 15

Cabhrú le húsáideoirí seirbhíse a scaoileann seirbhísí SPSV amach ar conradh d'fhonn an méid cúig seirbhíse a dhéanamh amach a theastaíonn dá gcuid riachtanas ar leith.

- Dul i dteagmháil le ceannaitheoirí mórsála seirbhísí SPSV san earnáil phoiblí le cabhrú leo táscairí cáilíochta agus rogha a shaináithint;
- Faisnéis phoiblí a chur ar fáil faoi oibreoírí a sholáthraíonn caighdeáin seirbhíse níos airde (ar nós scéim moltaí d'oibreoírí nó aitheantas poiblí eile gur sáraíodh íoschaighdeáin ar bhonn comhsheasmhach).

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 3

# An dearbhú cáilíochta le haghaidh úsáideoirí SPSV agus soláthróirí seirbhíse a chur chun feabhais



Tá cumhachtaí reachtúla ag an gCoimisiún chun caighdeán cháilíochta a shocrú don tionscal SPSV agus chun dualgas a leagan ar oibreoirí na caighdeán a chomhlíonadh. De bharr gur fheabhsaigh an Coimisiún na caighdeán le cúig bliana anuas, tá feabhas suntasach tagtha ar cháilíocht na seirbhísí SPSV ag gach leibhéal. Ina measc siúd tá:

- Caighdeán feithicle: Tháinig leibhéal níos airde de chaighdeán feithicle i bhfeidhm ó 2009 ar aghaidh d'iarrthóirí nua ar oibriú gnáth-thacsaí nó fruilchairr. Beidh na caighdeán seo i bhfeidhm do gach oibreoir ó 2011 ar aghaidh. Beidh ar iarratasóirí ar cheadúnas d'fheithicil oiriúnach do chathaoir rothaí na caighdeán nua d'fheithicil inrochtana a chomhlíonadh ó 2010 ar aghaidh. Beidh ar shealbhóirí reatha ceadúnais d'fheithicil oiriúnach do chathaoir rothaí (iad siúd a fuair ceadúnas roimh Mheitheamh 2010) na caighdeán d'fheithicil inrochtana a chomhlíonadh ó 2012 ar aghaidh.
- Riachtanais Eolais do Cheadúnas Tiománaí SPSV: Caithfidh gach iarratasóir pas a ghnóthú sa Tástáil Iontrála SPSV mar chuid den phróiseas iarratasóra ar cheadúnas tiománaí SPSV. Tá modúil a bhaineann le hEolas Ceantair agus le hEolas Tionscail sa tástáil seo. Caithfidh sealbhóirí reatha ceadúnais tiománaí SPSV an Tástáil Eolas Tionscail a dhéanamh faoi 2012.
- Oibreoirí seachadta: Caithfidh gach oibreoir seachadta riachtanais cheadúnaithe d'oibreoirí seachadta a chomhlíonadh, pas a ghnóthú sa Tástáil Iontrála SPSV ina measc.

Bunchaighdeán iad seo ar fad, agus bunaíodh iad d'fhonn leibhéal chomhsheasmhacha soláthar seirbhíse a chinntiú i ngach gné den tionscal SPSV.

Feabhsaíonn modhanna iomaíochta iompair (ar nós bus, traenach agus tram) a gcaighdeán cháilíochta go leanúnach. D'fhonn bheith iomaíoch i gcónaí, caithfidh an tionscal SPSV a chaighdeán a ardú.

Éilíonn an Coimisiún ar gach oibreoir cloí leis na caighdeán agus cuireann go leor oibreoirí seirbhís ar fáil a sháraíonn na bunchaighdeán seo. De bharr chineál ar leith an tionscail, féadfaidh deacracht bheith ag custaiméirí caighdeán seirbhíse a mheas sula bhfrúilítear oibreoir, go háirithe mura gcuirtear an tseirbhís in áirithint roimh ré. Mar a léiríodh i gCuspóir Straitéiseach 2, cabhróidh an Coimisiún le custaiméirí oibreoirí a chuireann ardeibhéal seirbhíse ar fáil a shainnithint, agus beidh sé d'aidhm againn na hoibreoirí a chuireann sárchaighdeán seirbhíse ar fáil go leanúnach a chúiteamh.

Is é an dúshlán atá romhainn don chéad chúig bliana eile a chinntiú go gcuirtear feabhas ar cháilíocht ar bun ar bhealach a chinntíonn:

- Gur mó na tairbhí don oibreoir ná na costais;
- Go bhfuil an feabhas in ann don todhchaí agus go gcuirtear teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn san áireamh;
- Go gcuirtear cáilíocht in iúl don mhargadh ar bhealach tráthúil agus éifeachtach d'fhonn uasmhéid rannpháirtíochta a chinntiú; agus
- Gur féidir le soláthróirí seirbhíse SPSV an tairbhe a bhaineann custaiméirí as modhanna eile iompair a mheaitseáil nó a shárú.



## Caighdeáin a fheabhsú

Cinntoidh an Coimisiún go mbunaítear forbairt leanúnach na hearnála SPSV ar chaighdeáin a fheabhsú.

### SPRIOC 16

Cinntiú go bhfuil ag gach tiománaí SPSV na scileanna agus an t-eolas a theastaíonn le seirbhís chuí a chur ar fáil.

- Leanúint ar aghaidh agus an clár um fhorbairt leanúnach scileanna agus deimhniúchán scileanna a chur chun cinn d'fhonn tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil agus do leibhéil níos airde de sheirbhís a sholáthar do chustaiméirí ag gach sealbhóir ceadúnais;
- Sainoiliúint bhreise a chur chun cinn do limistéir áirithe sheirbhíse – mar shampla, oibreoírí feithiclí oiriúnacha do chathaoir rothaí.

### SPRIOC 17

Breithniú a dhéanamh ar thabhairt isteach meicníochta le cáilíocht a chinntiú d'fhonn rogha níos feasaí a chumasú i measc tomhaltóirí.

- Imscrúdú a dhéanamh ar bhunú clár Oibreoír na Bliana nó scéim dá shamhail;
- Cur chuige idirnáisiúnta agus riachtanais tacaíochta a shainaithint do chóras marc cáilíochta don earnáil SPSV, agus breithniú a dhéanamh ar chóras dá shamhail a thabhairt isteach in Éirinn;
- Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara eile ag a bhfuil sainchúram um chur chun cinn cáilíochta á roinnt acu (ar nós Fháilte Éireann) le comhoibriú le tionscnaimh chuí.

### SPRIOC 18

Leanúint leis na catagóirí éagsúla SPSV a chur chun cinn d'oibreoírí agus d'úsáideoirí.

- Leanúint ar aghaidh agus gach catagóir a chur chun cinn do sheirbhísí ó dhoras go doras agus lasmuigh d'uaireanta seirbhíse;
- Úsáid a bhaint as ceadúnais fruilcharr oiriúnach do chathaoir rothaí a spreagadh, d'fhonn an fháil ar sheirbhísí ag daoine faoi mhíchumas agus ag a bhfuil sainriachtanais eile a uasmhéadú;
- Cinntiú go ndéantar rialú cuí ar chatagóir na limisíní agus go dtacaítear léi go cuí, ionas go ndéantar freastal ar an éileamh ar sheirbhísí searmanais agus ardghradaim;
- Leanúint ar aghaidh agus athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin feithicle d'fhonn a chinntiú go ndéanann SPSVanna freastal ar riachtanais úsáideoirí i láthair na huaire agus amach anseo.

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 4

### Bheith mar chomhpháirtí le páirtithe leasmhara agus dul i dteagmháil leo d'fhonn cuspóirí reachtúla agus straitéiseacha a chur chun cinn



Ar cheann de phrionsabail rialála tá go gcaithfear dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara, agus a rannpháirtíocht a lorg, i bpróisis chinnteoireachta agus athbhreithnithe. Agus córas rialála á fhorbairt, is é sainordú an Choimisiúin caighdeán a fheabhsú de shíor, agus rialáil an tionscail SPSV chun leasa na n-úsáideoirí agus na soláthróirí seirbhíse, agus aird chuí ar riachtanais na bpáirtithe eile leasmhara. Chun an sainordú seo a chomhlíonadh, caithfear costais agus tairbhí a chothromú, a bhíonn difriúil do na páirtithe leasmhara éagsúla go minic. Tá rannpháirtíocht páirtithe leasmhara riachtanach d'fhonn a chinntiú go gcuirtear an t-ionchur ábhartha ar fáil chun eolas a chur ar fáil do chinntí, agus go gcuirtear tionchair iomlána na gcinntí sin san áireamh.

Ardán tábhachtach í an Chomhairle Chomhairleach don Choimisiún do bhreithniú moltaí agus do bhreithniúchán páirtithe leasmhara. Fáiltíonn an Coimisiún roimh chomhairle na Comhairle i gcónaí, agus déantar breithniú cúramach uirthi i gcónaí, mar go gcabhraíonn sí leis an gCoimisiún a chinntiú go bhfuil na cinntí éifeachtach agus comhréireach i gcónaí.

Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag obair le gníomhaireachtaí eile d'fhonn a chinntiú go mbaintear ár gcuspóirí amach ar bhealach tráthúil agus éifeachtach.

---

## Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag dul le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ionas go bhfreagraíonn déanamh cinní agus soláthar seirbhíse dá gcuid riachtanas, agus go gcinntítear gur mó na tairbhí do pháirtithe leasmhara ná costais.

### SPRIOC 19

**Rannpháirtíocht chúí le páirtithe leasmhar a chinntiú agus príomhchaidreamh a bhainistiú ar bhealach éifeachtach agus tógálach.**

- Caidreamh a fhorbairt le comhlachtaí eile beartais a mbaineann a sainchúram le rialú SPSVanna agus lena gcomhcheangal sa ghréasán níos fairsinge iompair phoiblí;
- Pointí teagmhála, ar nós sheoladh ríomhphoist agus shuíomh gréasáin an Choimisiúin a bhainistiú, ionas gur féidir le páirtithe leasmhara idirghníomhú a dhéanamh maidir le saincheisteanna seirbhíse nó beartais;
- Leanúint ar aghaidh agus feabhas a chur ar an tsainfhaisnéis agus ar an tsaintacaíocht a chuireann an tionscal agus na línte gutháin faisnéise do thomhaltóirí ar fáil.

### SPRIOC 20

**Cinntiú go mbíonn príomhchinntí feasach ar ionchur páirtithe leasmhara.**

- Leanúint ar aghaidh agus sainchomhairliúchán poiblí a dhéanamh maidir le príomh-shaincheisteanna de réir mar is cú;
- Freagairt phoiblí d'athruithe seirbhíse agus do chur i bhfeidhm beartais a fháiltiú agus a thomhas (mar shampla, trí shuirbhéanna);
- Iarraidh ar aiseolas ó sheirbhísí agus ó phróisis atá ann faoi láthair d'fhonn feabhas leanúnach agus seirbhísí níos freagrúla a bhaint amach.

### SPRIOC 21

**Meicníochtaí cúí a bhunú agus a chothú do chomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus le tomhaltóirí an tionscail.**

- Oibriú le painéil reatha tomhaltóirí atá dírithe ar sheirbhís iompair nó ar sheirbhís phoiblí d'fhonn comhairliúchán níos éifeachtaí a bhunú le húsáideoirí SPSV;
- Leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht le comhlachtaí cláraithe ionadaíocha tionscail;

- Dul sa tóir ar fhóraithe eile le dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara ag a bhfuil sainleasanna nó saineolas (ar nós soláthróirí trealamh).

---

## Malartú faisnéise

**Cinntoidh an Coimisiún go mbeidh fáil fhairsing ar fhaisnéis lena mbaineann an tionscal SPSV.**

### SPRIOC 22

**Leanúint ar aghaidh agus sonraí mar aon le faisnéis inmheánach agus sheachtrach lena mbaineann an tionscal SPSV a bhailiú.**

- Leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil baint acu le taighde cú;
- Cinntiú go bhfuil ag an gCoimisiún sonraí dóthanacha lenár gcuid oibre a chur ar an eolas trí leanúint ar aghaidh agus sonraí á mbailliú agus ag oibriú le comhlachtaí eile a dhéanann sonraí a bhaineann le hiompar a bhailiú agus a chur i gcomparáid lena chéile.

---

## Dul i bhfeidhm ar bheartais níos fairsinge

**Cinntoidh an Coimisiún go n-aithníonn comhlachtaí cúí beartais phoiblí eile na deiseanna atá á dtairiscint ag an earnáil SPSV, mar aon le riachtanais áirithe na hearnála.**

### SPRIOC 23

**Cinntiú go n-áirítear seirbhísí SPSV atá i gcroílár na samhla iompair phoiblí i gcruthú beartais agus pleanála níos fairsinge iompair.**

- Scaipeadh fairsing faisnéise cruinne faoi SPSVanna agus faoi sholáthróirí seirbhíse a éascú;
- Oibriú leis an Údarás Iompair Náisiúnta le straitéisí agus le gníomhartha beartais a shainiú a uasmhéadóidh an leas a bhaineann an pobal as SPSVanna;
- Oibriú leis an earnáil inrochtaineachta le cur chuige a fhorbairt i leith úsáid SPSVanna le freastal ar riachtanais iompair a gcliant;
- Leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht leis an gCoiste Inrochtaineachta ar Iompar Poiblí ('Public Transport Accessibility Committee'), leis an Údarás Náisiúnta Míchumais agus le dreamanna eile déanta beartais;
- Oibriú leis an earnáil dheonach agus le hearnáil an phobail le réitigh chúí iompair a fhorbairt.

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 5

### Comhcheangal seirbhísí SPSV sa chóras leathan iompair phoiblí a chur chun cinn



Oideam tábhachtach pleanála iompair é go gcinneann an míle deireanach an modh iompair. Nuair atá duine ag roghnú slí le tabhairt faoi thuras, is mó seans go roghnóidh sé/sí an modh iompair (nó meascán de modhanna iompair) a thabharfaidh gar don cheann scríbe é/í. Tá tábhacht faoi leith ag baint leis seo do SPSVanna, mar nach bhfuil aon earnáil eile ann a sholáthraíonn iompar poiblí a chuireann seirbhís ar fáil a fhreagraíonn d'éileamh, ó dhoras go doras.

Sa chomhthéacs seo freisin, féadfaidh SPSVanna nasc ríthábhachtach a sholáthar i mbonneagar an iompair phoiblí. Ní chuireann busanna ná traenacha seirbhís ó dhoras go doras ar fáil, agus dá bharr sin roghnaíonn an pobal a gcarranna féin a thiomáint go minic in áit iompar poiblí a úsáid, cé go bhféadfadh iompar poiblí formhór a riachtanas a chomhlíonadh. Trí sheirbhísí a chur ar fáil chuig acomhail thábhachtacha iompair phoiblí agus abhaile arís, féadfaidh SPSVanna úsáideoirí a spreagadh chun iompar poiblí a úsáid in áit carranna príobháideacha; cuirfidh sé seo go mór le sábháil fuinnimh, le hinbhuanaitheacht comhshaoil agus le laghdú ar bhrú tráchta.

Ag leibhéal córais, cuireann cumas suntasach na hearnála SPSV deis shoiléir ar fáil d'fhorbairt samhail iompair phoiblí in Éirinn atá níos éifeachtaí i dtaobh costais agus in ann don todhchaí. D'fhéadfaí cuspóirí níos leithne beartais, ar nós inbhuanaitheachta, éifeachtachta i dtaobh costais agus luas forfheidhmithe, a chur chun cinn trí

SPSVanna a chur san áireamh mar rogha comhlánaithe do mhodhanna eile iompair – rogha a bhfuil saintréithe uathúla aici. Cuireann bunú an Údaráis Iompair Náisiúnta deiseanna nua ar fáil d'fhonn an earnáil SPSV a chomhcheangal leis an gcóras iompair phoiblí agus d'fhonn próifíl na hearnála a ardú i measc lucht déanta cinní agus maoinitheoirí.

Cé go ndíreofar ar chreatlach rialála don earnáil SPSV a sholáthar go príomha, mar bhunghné den chóras iompair phoiblí ghairmiúil, glacfaimid páirt go gníomhach freisin i bhforbairt beartais iompair níos leithne agus sna próisis chinnteoireachta lena mbaineann. Leanfaimid orainn ag cinntiú go ndéanann earnálacha eile ábhartha úsáideoirí agus soláthróirí seirbhíse SPSV a bhreithniú go cuí.

Tá an tÚdarás Iompair Náisiúnta ag forbairt fíis straitéiseach d'iompar in Éirinn in 2030 faoi láthair, agus beidh an Coimisiún rannpháirteach sa phróiseas seo d'fhonn a chinntiú go n-aithnítear seirbhísí SPSV dá n-obair ríthábhachtach in iompar poiblí, agus dá soláthar de sheirbhísí ó dhoras go doras do dhaoine faoi mhíchumas go háirithe. Chuige seo, beidh an Coimisiún ag obair ar son an tionscail SPSV, inár n-ionadaí dá leasanna agus ag imirt tionchair ar bheartas sa todhchaí don chóras leathan iompair phoiblí.

---

SPSVanna a chomhcheangal sna tionscnaimh níos fairsinge iompair.

Cinnteoídh an Coimisiún go gcomhcheanglaítear an earnáil SPSV go hiomlán i bpleanáil agus i bhforbairt leanúnach iompair.

#### **SPRIOC 24**

Dul i dteagmháil le comhlachtaí cuí agus réitigh chomhtháite iompair á bpleanáil agus á gcur i bhfeidhm.

- Buntáistí lena mbaineann tacsaithe a chur chun cinn, bunaithe ar thaighde agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta;
- Féachaint le tacsaithe a chorprú i dticéadú comhtháite a luaithe a bheidh an córas ina mheicníocht bhunaithe íocaíochta sa ghréasán níos fairsinge iompair;
- Feasacht ar fhaisnéis a chur chun cinn ag acomhail iompair phoiblí le seirbhísí SPSV tacsáí, fruilchair, limisín agus feithicle oiriúnach do chathaoir rothaí a chur in áirithe;
- Treoir a thabhairt d'údaráis áitiúla agus do lucht pleanála iompair maidir le ceisteanna lena mbaineann SPSVanna.

#### **SPRIOC 25**

Úsáid treoirlínte um stadanna tacsaithe an Choimisiúin ag gach móracomhal iompair a chur chun cinn.

- Iarraidh go rachfar i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir le gach ceist chuí lena mbaineann pleanáil;
- Aighneachtaí a dhéanamh maidir le mórthionscadail bhonneagair, trí oifigí an Údaráis Iompair Náisiúnta agus go díreach araon.



## An Straitéis seo a chur i bhfeidhm

Agus an straitéis seo á cur i bhfeidhm, tabharfaidh an Coimisiún faoi na gníomhaíochtaí a theastaíonn d'fhonn a chinntiú:

- Go bhfuil na hacmhainní cuí againn – idir acmhainní airgeadais, acmhainní teicneolaíochta agus acmhainní daonna – chun ár spriocanna a bhaint amach, agus an cumas na hacmhainní sin a bhainistiú;
- Go n-úsáidtear modheolaíochtaí dea-chleachtais rialála agus eile chun tacú le cinnteoireacht agus le cur i bhfeidhm;
- Go leantar ar aghaidh ag díriú ar ár gcustaiméirí mar chuid lárnach dár n-obair;
- Go ndéantar breithmheas, measúnú agus próisis phromhaidh chuí ar ár mbeartais, ár gcleachtais agus ár seirbhísí go rialta d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann siad riachtanais ilghnéitheacha (e.g. promhadh míchumais); agus
- Go gcuirtear planáil theagmhasach agus bainistíocht riosca cuí i bhfeidhm.

Cinnteoimid freisin go dtomhaistear dul chun cinn chur i bhfeidhm na straitéise go cuí agus go soiléir – pléitear leis seo i gCabidil 7.

## Acmhainní Leordhóthanacha agus a mBainistiú Cuí

Tá ár n-ábaltacht ár gcuspóirí a bhaint amach ag brath go mór ar infhaighteacht acmhainní leordhóthanacha. Dúshlán faoi leith a bheidh ann cumas eagraíochtúil a chothú i gcomhthéacs na srianta ar sholáthar foirne san earnáil phoiblí agus an brú ar bhuiséid atá ag dul i méid. Mura bhfuil acmhainní leordhóthanacha ar fáil, beidh orainn ár gcuspóirí agus ár spriocanna a chur in ord tosaíochta, agus ár n-acmhainní a dháileadh dá réir.

Ar aon dul le straitéisí rialtais a bhaineann le ríomhsheirbhísí Rialtais agus le seirbhísí fheabhsaithe do chustaiméirí, leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag leagan béim faoi leith ar úsáid teicneolaíochtaí nua chun éifeachtúlacht agus tionchar a mhéadú. Creideann an Coimisiún go bhfuil an-tábhacht ag baint le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide i gcumasú ár bpríomhfheidhmeanna.

Úsáidfidimid teicneolaíocht:

- Mar thaca do phríomhfheidhmeanna;
- Le rialuithe cuí chun maoirsiú, rialachas agus comhlíonadh reachtúil a chinntiú;
- Le béim ar éifeachtacht agus ar tháirgiúlacht fheabhsaithe; agus
- Ar bhealach a uasmhéadaíonn an cumas atá againn ár seirbhísí a sholáthar ar líne.

Caitheadh an Coimisiún a saineolas a chothú agus a fhorbairt tuilleadh i réimsí éagsúla ardeicneolaíochta, mar atá comhlíonadh agus forfheidhmiú, anailís ar thionchar rialála, praghsáil iompair (trí tháillí tacsaithe a shocrú), caighdeáin feithicle agus léiriú dhlíthe an Aontais Eorpaigh. Tá gníomhaíochtaí laethúla an Choimisiúin ag brath ar ábaltacht na mball foirne cinnireacht earnála agus rialála a léiriú, daoine a bhainistiú agus a fhorbairt, cinntí agus breitheanna maithe a dhéanamh, agus oibriú go héifeachtach i bhfoirne. Tá sé d'aidhm ag beartais straitéiseacha an Choimisiúin um acmhainní daonna agus um fhorbairt foirne na hinniúlachtaí, scileanna agus iompair tábhachtacha seo a fhorbairt go leanúnach i measc ár bhfoirne.

Iarrtar ar gach duine a oibríonn sa Choimisiún freagracht a ghlacadh, bheith nuálach, dúshlán a thabhairt dóibh féin, agus bheith ag foghlaim. Ina chúiteamh air sin, féadfaidh ár bhfoireann bheith ag súil leo seo a leanas:

- Próisis bainistithe daoine atá cothromasach;
- Soiléireacht maidir le ról agus le hobair na foirne;
- Deiseanna forbartha scileanna; agus
- Timpeallacht oibre atá tacúil, deas agus sábháilte.

Tá ról tábhachtach ag bainisteoirí líne i gcur i bhfeidhm na mbeartais bainistithe daoine, i gcothú timpeallachta a chabhraíonn le foghlaim, agus i mbainistiú feidhmíochta. Beidh aird faoi leith againn le linn chur i bhfeidhm na straitéise seo ar thacú le bainisteoirí sa ról seo. Leanfaimid ar aghaidh ag cur deiseanna leanúnacha foghlama agus forbartha ar fáil don fhoireann, d'fhonn a chinntiú go bhfuil na scileanna agus na hinniúlachtaí acu a theastaíonn chun spriocanna an Choimisiúin a bhaint amach, agus chun a bhforbairt gairme féin a chur chun cinn.

Tá an Coimisiún tiomanta go hiomlán freisin do chomhionannas agus d'éagsúlacht a chur chun cinn trínár mbeartais acmhainní daonna, trína gcláir oiliúna agus trí chumarsáid leis an bhfoireann. Leanfaimid ar aghaidh leis an bpróiseas seo ar feadh shaolré na straitéise seo d'fhonn a chinntiú go mbeidh meas againn ar obair gach duine agus go mbainfimid tairbhe aisti.

Tá an-mheas ag an gCoimisiún ar oibriú go táirgiúil, lena laghad costais agus iarrachta a chur amú agus is féidir. Cothóimid an fheidhm bainistithe airgeadais a thacaíonn le húsáid éifeachtach ár n-acmhainní airgeadais, trí sheachadadh barainneachta, éifeachtúlachta, luacha ar airgead agus spriocúlachta i ngach caiteachas.

Cinnteoimid go bhfuil córas láidir de rialuithe inmheánacha airgeadais againn, agus go gcomhlíontar dualgais airgeadais an Choimisiúin ina n-iomláine. Tá ról tábhachtach ag an bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh; dearbhaíonn sí go bhfuil córas na rialuithe inmheánacha láidir, agus cabhraíonn sí le forbairt creatlach bhainistithe riosca.

Cinnfear dáileadh acmhainní sa todhchaí ag forbairtí san airgeadas poiblí. Trí bhainistíocht fheabhsaithe agus trí bhéim shoiléir ar luach ar airgead, tá sé i gceist againn leanúint ar aghaidh ag cur seirbhís den scoth ar fáil leis na hacmhainní atá ar fáil dúinn.

## Úsáid Modheolaíochtaí Dea-chleachtais Rialála agus Eile

Ar aon dul le Páipéar Bán an Rialtais *Rialáil Níos Fearr* ('Better Regulation'), tá sé d'aidhm againn a chinntiú, aon uair atá údar le rialáil, go réitítear i mbealach trédhearcach ar fad í, agus an rannpháirtíocht phoiblí is mó agus is féidir i gceist le linn a ceaptha. Tá sé d'aidhm againn freisin a chinntiú:

- Go bhfuil sí soiléir;
- Go mbaineann sí a cuspóirí amach;
- Nach bhfuil sí ródhian;
- Go gcuirtear i bhfeidhm i gceart í;
- Nach bhfuil aon tionchar neamhbheartaithe aici; agus
- Go ndéantar athbhreithniú rialta uirthi.

Rannpháirtí gníomhach é an Coimisiún san Fhóram Bliantúil Rialála, a urraíonn Roinn an Taoisigh, agus glacaimid páirt freisin i meicníochtaí eile chun tacú le rannpháirtíocht i measc piaranna agus le rochtain ar dhea-chleachtais.

Go himmheánach, cinnteoidh an Coimisiún go leanfaimid ar aghaidh ag úsáid meicníochtaí cuí chun éifeachtúlacht agus caighdeán ár n-aschuir a uasmhéadú, ar nós:

- Feabhsú leanúnach próisis;
- Bainistíocht agus tiomsú sonraí;
- Taighde cuí; agus
- Dearbhú cáilíochta.

Deartar na próisis bhainistíochta ar fad agus é de chumas acu déileáil go solúbtha le cúinsí athraithe agus le tosaíochtaí a thagann chun cinn.



## CAIBIDIL A SEACHT

# Dul chun cinn a thomhas



## Dul chun cinn a thomhas

Ar aon dul le dea-chleachtas do chomhlachtaí poiblí reachtúla, tá an Coimisiún tiomanta do thomhas dhul chun cinn ár gcuspóirí agus do thuirisciú soiléir a dhéanamh air. Úsáidfear na meicníochtaí seo a leanas:

- Forbrófar sraith pleananna gníomhaíochta dhá bhliain, ina mbeidh táscairí mionsonraithe feidhmíochta; agus
- Foilseofar tuarascálacha bliantúla, ina mbeidh ráitis aschuir agus tuarascálacha ar dhul chun cinn na gcuspóirí a leagadh amach sa ráiteas straitéise seo.

Déanfar na cáipéisí seo a leagan amach thart ar na cúig chuspóir straitéiseacha a leagtar amach i Caibidil a Cúig den cháipéis seo, chun rianú soiléir ar dhul chun cinn agus ar phleanáil mhionsonraithe a chumasú. Scríobhfar i bhfriotal neamhchasta iad.

Déanfaidh na ráitis aschuir mionsonrú freisin ar an gcaiteachas agus ar na hacmhainní eile a bhaineann le gníomhaíochtaí a dhéantar gach bliain, agus léireoidh siad an t-aschur ábhartha agus a dtorthaí.

Is torthaí fadtéarmacha iad torthaí iomlána na straitéise seo, agus i roinnt cásanna baineann siad le cuspóirí iompair agus náisiúnta nach bhfuil aon fhreagracht dhíreach ná aonair orainne ina leith. Déanfar go leor de na spriocanna laistigh de gach cuspóir a bhaint amach trí chomhiarracht an Choimisiúin, na sealbhóirí ceadúnais, an phobail agus an Rialtais. Déanfar dul chun cinn i dtreo ár spriocanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha ar bhonn céimnithe, agus pointí athbhreithnithe inár bpleananna gníomhaíochta d'fhonn a chinntiú go leanann forbairt an chórais iomláin rialála ar aon dul lenár gcuspóirí straitéiseacha.

Forbróidh an Coimisiún táscairí feidhmíochta cainníochtúla agus cáilíochtúla ag leibhéal aonair, aonad gnó agus eagraíochtúil, a thiocfaidh leis na cúig chuspóir straitéiseacha a leagtar amach i gCaibidil a Cúig. Coinneoidh na táscairí ar fad faoi athbhreithniú d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad ábhartha ar feadh shaolré na straitéise seo agus, nuair is gá, go ndéantar gníomh ceartaitheach in am tráth.

## Gnéithe Eile Freagrachta

Amach ó na meicníochtaí tomhais agus tuairiscithe a léirítear thuas, tugann an Coimisiún míniú ar ár ngníomhaíochtaí agus a dtorthaí i bhfóraim eile agus i réimse bealaí eile, lena n-áirítear:

- An Roinn Iompair;
- An Roinn Airgeadais;
- Tithe an Oireachtais;
- An pobal;
- Comhlachtaí rialála agus maorsithe (ar nós an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí);
- Institiúidí idirnáisiúnta ar nós an Aontais Eorpaigh agus an OECD;
- Meastóireacht institiúidí acadúla agus neamhrialtasacha eile, trádála, agus comhlachtaí tionscail;
- An fhoireann agus a n-ionadaithe;
- An fheidhm iniúchta inmheánaigh;
- Custaiméirí agus saoránaigh, trí shaoráil faisnéise agus trí chórais eile dhaonlathacha; agus
- Tuairisciú bliantúil ar dhul chun cinn le hais spriocanna cairt chustaiméirí.

# AGUISÍN 1

## Feidhmeanna reachtúla an Choimisiúin

Foráiltear le hAlt 9(1) den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2003 gurb í ‘príomhfheidhm an Choimisiúin í forbairt agus cothabháil creatlaí rialaithe do rialáil agus oibriú feithiclí beaga de chuid na seirbhíse poiblí agus a gcuid tiománaithe’.

Ní mór, de réir Alt 9(2) d’Acht 2003, go bhféachfaidh an Coimisiún, i gcleachtadh a fheidhmeanna, leis na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- (a) Soláthar agus cothabháil seirbhísí den scoth ag feithiclí beaga seirbhíse poiblí agus ag a gcuid tiománaithe a chur chun cinn,
- (b) Dul i mbun forbairt leanúnach de chóras ceadúnaithe cáilíochtúil agus atá dírithe ar an gcustaiméir, de chód agus de chaighdeán rialaitheacha d’fheithiclí beaga seirbhíse poiblí, do shealbhóirí ceadúnais feithiclí beaga seirbhíse poiblí agus do thiománaithe feithiclí beaga seirbhíse poiblí,
- (c) Maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt seirbhíse gairmiúla, sábháilte, éifeachtúla agus áisiúla don chustaiméir ag feithiclí beaga seirbhíse poiblí agus ag a dtiománaithe,
- (d) Cur chun cinn agus spreagadh a thabhairt don iomaíochas i ndáil le seirbhísí (lena n-áirítear táillí) arna dtairiscint ag feithiclí beaga seirbhíse poiblí,
- (e) Bheith ag féachaint go cuí do chosaint úsáideoirí agus soláthraithe seirbhíse araon nuair a bhítear ag iarraidh soláthar seirbhísí den scoth ag feithiclí beaga seirbhíse poiblí agus ag a dtiománaithe a bhaint amach,
- (f) Beartha a chur chun cinn le seirbhís mhéadaithe chomhtháite tacsáí a éascú sa chóras iompair phoiblí,
- (g) Forbairt seirbhísí costéifeachtacha den chéad scoth ag feithiclí beaga seirbhíse poiblí agus a gcuid tiománaithe a chur chun cinn, ar seirbhísí iad a shásaíonn réimse leathan d’éilimh chustaiméirí lena n-áirítear éilimh na bpaisinéirí le laigí soghluaisteachta nó céadfacha,
- (h) Rochtain ar fheithiclí beaga seirbhíse poiblí ag daoine faoi mhíchumais a chur chun cinn,
- (i) Spreagadh a thabhairt d’infheistíochtaí chun tacú leis na seirbhísí a thairgeann feithiclí beaga seirbhíse poiblí agus chun iad a fheabhsú, agus an nuálaíocht a chur chun cinn ina leith sin.

## AGUISÍN 2

# An Chomhairle Chomhairleach don Choimisiún um Rialáil Tacsaithe

Bunaíodh an Chomhairle Chomhairleach don Choimisiún um Rialáil Tacsaithe faoi Acht 2003. Cathaoirleach agus 17 mball a cheapann an tAire Iompair a bhíonn ar an gComhairle. Is í feidhm na Comhairle comhairle a thabhairt don Choimisiún um Rialáil Tacsaithe nó don Aire Iompair, de réir mar is cuí, i ndáil leis na saincheistanna is ábhartha do SPSVanna agus dá gcuid tiománaithe.

Féadfaidh an Chomhairle Chomhairleach comhairle a thairiscint don Choimisiún nó don Aire. De rogha air sin, féadfaidh an Coimisiún nó an tAire comhairle na Comhairle a iarraidh i ndáil le réimsí nó saincheistanna faoi leith.

Féadfaidh an Coimisiún nó an tAire, de réir mar is cuí, comhairle na Comhairle a bhreithniú faoi Acht 2003, ach níltear faoi cheangal déanamh dá réir.

Déanann an Chomhairle ionadaíocht do na nithe a leanas:

- Leasa tiománaithe agus feithiclí beaga seirbhíse poiblí;
- Daoine faoi mhíchumas;
- An Garda Síochána;
- Leasa tomhaltóra;
- Údaráis áitiúla;
- Leasa gnó;
- Saineolas speisialtóra; agus
- Leasa turasóireachta.

### Comhaltaí na Comhairle Comhairlí (amhail Márta 2010)

- An tUasal Pat Byrne, Iar-Choimisinéir na nGardaí, *Cathaoirleach*
- An tUasal Frank Moore, Cónaidhm Tiománaithe Tacsaithe na hÉireann ('Irish Taxi Drivers' Federation')
- An tUasal Peter Rodgers, SIPTU
- An tUasal James Connolly, Aontas Náisiúnta na dTiománaithe Tacsáí
- An tUasal Christopher Humphrey, Cumann Náisiúnta um Fhrúiliú agus Tacsáí Priobháideach ('National Private Hire and Taxi Association')
- An tUasal Tom Fannin, Cumann Náisiúnta na nGiománach Gluaisteáin ('National Chauffeur Drive Association')
- An tUasal Michael Kilcoyne, Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann
- An tUasal Noreen Mackey, An tÚdarás Iomaíochta
- An tUasal Donie O'Shea, An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
- An tUasal John Rice, Cumann Tráchtála na hÉireann ('Chambers Ireland')
- An tUasal Douglas Jordan, Fáilte Éireann
- An tUasal Al Ryan, Cónaidhm na nÓstán Éireannach
- An tUasal Joe MacGrath, Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
- An tUasal Michael Rowland, An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
- An tUasal Derek McGovern, Cumann Úinéirí na gCuideachtaí Tacsáí
- An tUasal Brian Killeen, Iompar agus Lóistíocht
- An tArd-Cheannfort Cornelius G. McIntyre, Biúró Náisiúnta Bheartas Tráchtála an Gharda Síochána
- An tUasal Kathleen Diamond, Gnáthbhall

# AGUISÍN 3

## Gluais

**An Chomhairle Chomhairleach** – bunaíodh an Chomhairle Chomhairleach don Choimisiún um Rialáil Tacsaithe faoi Chuid 4 den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2003 chun comhairle a chur ar an gCoimisiún i ndáil le cúrsaí a bhaineann le feithiclí beaga seirbhíse poiblí (SPSVanna).

**An Coimisiún** – an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe, comhlacht neamhspleách phoiblí a bunaíodh faoin Acht um Rialáil Tacsaithe, 2003, atá freagrach as rialáil tacsaithe, fruilcharr agus limisíní. Tabhair faoi deara go dtagraíonn na téarmaí ‘Coimisiún um Rialáil Tacsaithe’, ‘Coimisinéir’ agus ‘Rialtóir Tacsaithe’ don aonán céanna, agus go n-úsáidtear in áit a chéile iad go minic.

**Oibreoir seachadta** – duine a ghlacann le háirithintí do sheirbhísí SPSV a chuireann duine eile ar fáil, agus a eagraíonn soláthar na seirbhíse a cuireadh in áirithint le hoibreoir nó le tiománaí na feithicle.

**Clár na n-oibreoirí seachadta** – clár d’oibreoirí seachadta a bhfuil ceadúnas acu in Éirinn.

**Cártaí aitheantais tiománaithe** – cárta mór taispeántais agus cárta cliste a shaináithníonn sealbhóir ceadúnas tiománaí SPSV. Bíonn an cárta mór ar taispeánt ar dheais an SPSV; cuireann sé pictiúr den tiománaí, a (h)uimhir cheadúnais, agus dáta éaga an cheadúnais ar fáil do phaisinéirí san fheithicil. Taispeánann an taobh eile den chárta, a bhíonn dírithe i dtreo an ghaothscátha, an contae ina bhfuil ceadúnas ag an tiománaí bheith ag lorg fruilithe nó seasamh chun a f(h)ruilithe i dtacsáí. Caithfidh na tiománaithe SPSV ar fad cárta cliste a bheith acu nuair atá siad ag oibriú mar thiománaí SPSV. Féadfaidh oifigigh forfheidhmithe an cárta a iarradh agus a sheiceáil le gléasanna láimhe, agus is bealach freisin é do chustaiméirí an tiománaí a aithint ag an bpointe bailithe.

**Clár ceadúnas tiománaithe** – clár de na tiománaithe SPSV a bhfuil ceadúnas acu in Éirinn, a chothaíonn an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe.

**Struchtúr táillí** – na rialacha agus na treoirilínte a shonraíonn an chaoi a n-áirítear táille tacsaithe.

**Córas pionóis mhuirir sheasta** – an córas a thugann cumhacht dhléathach don Choimisiún muirir sheasta a ghearradh i gcás sárúithe sonracha rialachán.

**Fruilcharr** – SPSV nach gceadaítear a oibriú ach sa chás go gcuirtear in áirithint roimh ré é; ní cheadaítear é a úsáid chun bheith ag lorg fruilithe ar an tsráid ná seasamh ag stadanna tacsaithe. Caithfear an táille a chomhaontú leis an gcustaiméir roimh ré. Níl cead ag fruilchairr lánaí bus a úsáid.

**Léirscaoileadh** – tagraíonn sé seo do níos lú srianta agus rialacháin Rialtais sa gheilleagar mar mhalairt ar rannpháirtíocht mhéadaithe na n-aonán príobháideach. I gcás na hearnála SPSV in Éirinn, baineann léirscaoileadh le baint na srianta ar líon na gceadúnas a eisítear, ach ní rialaíonn sé caighdeáin cháilíochta.

**Limisín** – SPSV nach gceadaítear a oibriú ach sa chás go gcuirtear in áirithint roimh ré é; ní cheadaítear é a úsáid chun bheith ag lorg fruilithe ar an tsráid ná seasamh ag stadanna tacsaithe. Caithfear an táille a chomhaontú leis an gcustaiméir roimh ré. Níl cead ag limisíní lánaí bus a úsáid. Caithfidh stíl agus bail limisín a bheith oiriúnach d’úsáidí searmanais, corparáideacha nó d’úsáidí ardghradaim eile.

**Uastáille** – an tsuim is mó a cheadaítear do thiománaí tacsaithe a ghearradh ar chustaiméir go dleathach.

**An Clár náisiúnta ceadúnas** – faoi Alt 38 den Acht um Rialáil Tacsaithe, tá ceanglas ar an gCoimisiún an clár náisiúnta ceadúnas a choinneáil. Tá trí chlár faoi leith ann i láthair na huaire – clár na SPSVanna a bhfuil ceadúnas acu (clár feithiclí), clár na dtiománaithe SPSV a bhfuil ceadúnas acu (clár tiománaithe), agus clár na n-oibreoirí seachadta a bhfuil ceadúnas acu (clár oibreoirí seachadta). Cuireann an Coimisiún eolas faoi na cláir seo ar fáil do ghníomhaireachtaí cuí forfheidhmithe nuair a iarrtar é d’fhonn comhlíonadh na reachtaíochta a chinntiú.

**NSAI** – an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

**NTA** – an tÚdarás Iompair Náisiúnta.

**Feithicil fruilithe phríobháidigh** – SPSV, ar nós fruilchairr nó limisín, a chaithfear a chur in áirithint roimh ré agus nach féidir a úsáid chun fruiliú a lorg ná chun seasamh ag stad tacsaithe.

**Feithicil fruilithe phoiblí** – SPSV, ar nós tacsaithe nó tacsaithe oiriúnach do chathaoir rothaí, a cheadaítear a úsáid chun fruiliú a lorg nó chun seasamh ag stad tacsaithe, nó gur féidir le paisinéir a chur in áirithint roimh ré nó glaoch air.

**Srianta cáilíochtúla** – srianta ar oibríocht an mhargaidh, bunaithe ar riachtanais dhleathacha, ar chaighdeáin feithiclí, ar eolas tiománaithe, etc.

**Srianta cainníochtúla** – teorainneacha nó cuótaí sonracha ar líon nó ar luach earraí, ar nós líon na gceadúnas a eisítear.

**Creatlach Rialála** – corp reachtaíochta agus rialachán atá ábhartha d'oibriú sa tionscal.

**RIA** – Anailís ar Thionchar Rialála.

**RSA** – An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

**Clár Forbartha Scileanna** – clár nua d'fhorbairt scileanna agus do thástáil tiománaithe agus oibreoirí seachadta SPSV.

**Feithicil bheag seirbhíse poiblí (SPSV)** – feithicil a bhfuil ceadúnas aici suas le hochtar paisinéirí atá ag íoc táille a iompar. Úsáidtear an téarma chun cur síos a dhéanamh ar thacsaithe, tacsaithe oiriúnach do chathaoir rothaí, fruilchairr, fruilchairr oiriúnach do chathaoir rothaí agus limisíní.

**Tástáil Iontrála SPSV** – tástáil a gcaithfidh gach iarratasóir nua ar cheadúnas tiománaí SPSV pas a ghnóthú inti. Bíonn Modúil an Chláir Forbartha Scileanna a bhaineann le hEolas Ceantair agus le hEolas Tionscail araon i gceist leis.

**Ceadúnas tiománaí SPSV** – an ceadúnas a theastaíonn chun SPSV a thiomáint.

**Sealbhóir ceadúnais SPSV** – an duine ar eisíodh aon cheann de na trí chatagóir leathana de cheadúnais SPSV dó/dí – ceadúnas feithicle, ceadúnas tiománaí, nó ceadúnas oibreoir seachadta.

**Ionstraim Reachtúil (IR)** – cineál reachtaíochta tánaistí lena n-áirítear rialacháin agus a cheaptar i bhfeidhmiú cumhachta reachtúla.

**Diosca dobhearnaithe ceadúnais** – diosca a ghreamaítear d'fhuinneoga cúil agus tosaigh SPSV a bhfuil ceadúnas aige. Léiríonn na dioscaí sonraí cláraithe na feithicle, an uimhir cheadúnais SPSV, dáta éaga an cheadúnais SPSV, agus líon na bpaisinéirí atá ceadaithe san fheithicil faoin gceadúnas. Fanann na dioscaí ansin do thréimhse iomlán an cheadúnais SPSV. Tá an diosca sofheicthe do phaisinéirí agus do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe ó laistigh agus ó lasmuigh d'fhuinneoga cúil agus tosaigh na feithicle. Tá sé deacair é a aistriú, a chóipeáil nó a bhrionnú mar gheall ar hologram agus ar ardghnéithe slándála a bhaineann leo.

**Limistéar tacsaiméadair** – limistéar sainithe ag an gCoimisiún d'oibriú tacsaithe. Tá an tír ar fad sainithe ag an gCoimisiún mar limistéar amháin tacsaiméadair.

**Tacsaí** – SPSV a cheadaítear a úsáid chun fruiliú a lorg nó chun seasamh ag stad tacsaithe nó a chuirtear in áirithint roimh ré nó a ghlaioitear air.

**Ceadúnas feithicle** – an ceadúnas a theastaíonn chun feithicil a úsáid mar SPSV.

**Clár ceadúnas feithiclí** – clár a chothaíonn an Coimisiún de na SPSVanna ar fad a bhfuil ceadúnas acu in Éirinn.

**Fruilcharr oiriúnach do chathaoir rothaí** – catagóir nua do SPSVanna; leagtar an tsonraíocht di amach i *gCaighdeáin Náisiúnta Feithiclí* an Choimisiúin a foilsíodh Samhain 2007.

**Tacsaí oiriúnach do chathaoir rothaí** – tacsaí a chomhlíonann sonraíochtaí breise feithicle ionas gur féidir le daoine i gcathaoireacha rothaí an tacsaí a úsáid.

**Acht 2003** – An tAcht um Rialú Tacsaithe, 2003 (Uimh. 25 de 2003).

## Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe.

© An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe 2010. Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a chóipeáil, a tharchur, ná a atáirgeadh ar aon mhodh ná slí, gan cead a fháil i scríbhinn roimh ré ó úinéir an chóipchirt.

Ní ceadmhach d'aon tríú páirtí marc branda an Rialálaithe Tacsai a úsáid ná a atáirgeadh gan cead a fháil i scríbhinn roimh ré ó na húinéirí.

### Séanadh

Ní cáipéis dlí é an foilseachán seo agus ná tuigtear gur léirmhíniú dlíthiúil ar an reachtaíocht chuí atá ann.

Tá cóipeanna breise den cháipéis seo, mar aon le cóipeanna de cháipéisí a foilsíodh cheana, ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin [www.taxiregulator.ie](http://www.taxiregulator.ie) nó trí theagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún:

An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe 35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.

Líne íosghlaonna d'fhaisnéis tionscail **1890 347 347**. Líne íosghlaonna d'fhaisnéis tomhaltóirí **1890 60 60 90**. Más ag glaoch ó cheantar lasmuigh d'Éirinn atá tú, glaoigh ar **+353 1 659 3800**.

### Formáidí malartacha

Mura gcomhlíonann formáid na cáipéise seo do chuid riachtanas, téigh i dteagmháil leis an gCoimisiún.

**An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe**  
35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2, Éire

**Commission For Taxi Regulation**  
35 Fitzwilliam Square, Dublin 2, Ireland

Guthán +353 1 659 3800  
Facs +353 1 659 3801

[commission@taxiregulator.ie](mailto:commission@taxiregulator.ie)  
[www.taxiregulator.ie](http://www.taxiregulator.ie)